

ÁR MISEAN

Is é ár misean sláinte tomhaltóirí agus leasanna tomhaltóirí a chosaint trína chinntiú go gcomhlíonann an bia a itear, a dháiltear, a ndéantar margaíocht air nó a tháirgtear sa Stát na caighdeáin is airde maidir le sábháilteacht agus sláinteachas bia.

DON AIRE SLÁINTE



Tugann sé pléisiúr don Bhord a thríú tuarascáil bhliantúil déag agus a chuntais a chur faoi bhráid an Aire le haghaidh na tréimhse dhá mhí dhéag dar críoch 31 Nollaig 2012, de réir Alt 25 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998.



An tOllamh Michael Gibney
Cathaoirleach (ó Feabhra 2013)



An tOllamh Alan Reilly
Príomhfheidhmeannach



CLÁR ÁBHAR

An Bhliain faoi Athbhreithniú


Ráiteas an Chathaoirligh	02
Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh	04
Athbhreithniú Rialála	08
Bainistiú Teagmhas	18
Eolaíocht	22
Cumarsáid	26
Bainistíocht Chorparáideach	34

Ár Rialachas

Conarthaí Seirbhíse agus Meamram Tuisceana	38
Struchtúr Bainistíochta	39
Comhaltaí an Bhoird	40
Comhaltaí an Choiste Eolaíoch	42
Comhaltaí na Comhairle	44
Comhairlí um Shábháilteacht Bia	44
Comhaltaí na bhFóram Tionscail	45
Ráiteas faoi Leasanna Chomhaltaí an Bhoird/an Phríomhfheidhmeannaigh	46
Ráiteas faoi Leasanna Chomhaltaí an Choiste Eolaíoch	47

Ráitis Airgeadais

Ráitis Airgeadais	48
-------------------	----



RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Ba onóir a bhí ann domsa a bheith ceaptha mar Chathaoirleach ar Bhord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ag an Aire Sláinte i dtús 2013. Tá baint agamsa le fada leis an Údarás, toisc go raibh mé i mo chomhalta ar an gcéad Bhord agus bhí mé i mo Chathaoirleach ar chéad Choiste Eolaíoch an Údaráis. Ó na laethanta tosaigh, d'fhéach mé ar an Údarás ag dul ó neart go neart agus ag bunú é féin mar cheann de na príomhghníomhaíochtaí náisiúnta rialála um shábháilteacht bia san Eoraip.



Ba í Éire ceann de na chéad tíortha san Aontas Eorpach le húdarás um shábháilteacht bia a bhunú agus le ceithre bliana déag anuas tá sé léirithe gur cinneadh an-stuama a bhí ann. Tugadh an cúram don Údarás a bheith ina ghníomhaíocht neamhspleách, eolaíocht-bhunaithe agus tiomanta do shláinte phoiblí agus leasanna tomhaltóirí a chosaint sa réimse um shábháilteacht agus um shláinteachas bia. Chun é sin a bhaint amach tá gá le feabhas leanúnach a chur ar chaighdeán ar fud an bhíashlabhra i gcomhthéacs táirgeadh agus seachadadh bia ag cinntiú ag an am céanna go gcuirtear faisnéis chuí ar fáil ar an mbia a dhíoltar ionas gur féidir le tomhaltóirí roghanna ceannaigh feasacha a dhéanamh.

Bhí an comhoibriú leis na gníomhaireachtaí oifigiúla ar fad ríthábhachtach do rath an Údaráis maidir le húsáid cur chuige bunaithe ar riosca agus ar fhianaise ar fhorfheidhmiú comhsheasmhach an dlí um bia agus um beathú. Léiríonn an obair a rinne an tÚdarás le linn 2012 an dóigh ar chuir sé an bonn fianaise eolaíoch ar fáil ar bhonn leanúnach chun taca a chur faoin gcomhairle d'Airí maidir le beartas um shábháilteacht bia agus beathaithe, beartas um chothú bia agus sláinte agus reachtaíocht lena mbaineann a fhorbairt. Tugann an tÚdarás cúnaimh le cinntiú go bhfuil ár reachtaíocht comhréireach, éifeachtúil agus go tacaíonn sí le ranna an Rialtais ar ardán na hEorpa maidir le sonraí agus comhairle eolaíochta a sholáthar chun taca a chur faoin staid náisiúnta. Agus comhairle eolaíochta á soláthar aige d'oibrigh an tÚdarás go dlúth leis an Údarás Eorpach um Shábháilteachta Bhia agus le gníomhaireachtaí náisiúnta sábháilteachta bia eile ar fud an Aontais Eorpaigh.



**SOLÁTHRAÍONN
OBAIR NA CIGIREACHTA
SÁBHÁILTEACHTA
BIA SEACHTHAIRBHE
LUACHMHAR MAIDIR
LE CÁIL NA HÉIREANN
A CHOSAINT AR
BHONN IDIRNÁISIÚNTA
MAR THÍR INA
SOLÁTHRAÍTEAR
BIA SÁBHÁILTE
CHOMH MAITH.**



Le cúpla bliain anuas rinne an earnáil agraibhia a staid a chomhdhlúthú mar bhonnchloch athbheochan eacnamaíoch na hÉireann. In 2012, bhí láimhdeachas bliantúil €26 billiún ag an earnáil, bhí thart ar 230,000 fostaí inti agus ba ionann luach na heaspórtálacha agus os cionn €9 billiún. Cé gurb í príomhspríoc an Údaráis sláinte daoine i dtaca le bia a chosaint, soláthraíonn obair na cigireachta sábháilteachta bia seachthairbhe luachmhar maidir le cáil na hÉireann a chosaint ar bhonn idirnáisiúnta mar thír ina soláthraítear bia sábháilte chomh maith. Is féidir le ceannaitheoirí bia-ábhair easpórtáilte na hÉireann a bheith cinnte de gur tháinig na táirgí a cheannaíonn siad ó mhargadh ina bhfuil creat rialála um shábháilteacht bia láidir agus neamhspleách i bhfeidhm.

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Sláinte, an Dr James Reilly T.D. agus le foireann na Roinne Sláinte a thug tacaíocht don Údarás ina chuid oibre le linn 2012. Tugaim ómós d'iar-Bhord an Údaráis, go háirithe don Chathaoirleach, an tUasal Eamonn Ryan, as a tiomantas agus as an méid a chuir siad le rialachas corparáideach an Údaráis. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhaltaí an Choiste Eolaíoch agus na bhFochoistí Eolaíocha, a chuir cion tábhachtach, faoi chathaoirleacht an tOllamh Albert Flynn, le hobair bunaithe ar fhianaise eolaíoch an Údaráis. Gabhaim buíochas le comhaltaí Na Comhairle Comhairle um Shábháilteacht Bia, faoi cheannaireacht an Uasail Veronica Campbell, as an mbonn braite luachmhara atá curtha ar fáil acu don Údarás maidir le saincheisteanna um shábháilteacht bia le linn na bliana.

€26bn

Is ionann an láimhdeachas bliantúil san earnáil agraibhia agus €26 billiún.

230,000

Fostaíodh thart ar 230,000 duine san earnáil agraibhia.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil fosta lenár bPríomhfheidhmeannach, an tOllamh Alan Reilly agus le foireann an Údaráis as a ndílseacht agus a dtiomantas do luachanna agus do mhisean an Údaráis, go háirithe in am ina bhfuil tuarastail na hearnála poiblí á laghdú agus ina bhfuil an fócas ar níos mó a dhéanamh le níos lú.

Le linn 2012, dhírigh an tÚdarás ar phríomhréimsí oibre ina gcuimsítear forfheidhmiú an dlí um bia, úsáid a bhaint as an gcomhairle eolaíochta is fearr chun taca a chur faoi gach cinneadh a dhéantar faoi shábháilteacht bia, oibriú i gcomhpháirtíocht le gach páirtí leasmhar chun caighdeán a fheabhsú agus a chinntiú go bhfuil an tÚdarás ina eagraíocht atá sofheagrach, solúbtha, éifeachtúil agus éifeachtach. Tá méid an-luachmhar déanta ag an Údarás lena chinntiú go ndéantar tomhaltóirí bia a tháirgtear in Éireann, sa bhaile agus thar lear araon, a chosaint go hiomlán agus go maireann cáil na hÉireann slán mar tháirgeoir bia shláin agus fholláin.

Michael Gibney

An tOllamh Michael Gibney

Cathaoirleach
(ó Feabhra 2013)

RÁITEAS AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Ba í 2012 an 13ú bliain d'oibríochtaí don Údarás. Go simplí, d'fhéadfadh sé go mbreathnófaí orainn mar dhéagóir go díreach, ach ag an am céanna tá méid áirithe aibíocht eagrúcháin tugtha trí chastacht ár dtaithe, ár ndeise agus na bhfreagairtí atá ag athrú agus a theastaíonn i leith na timpeallachta oibre seachtraí.



Creidimid gur cheart dúinn a bheith ina n-éisteoirí gníomhacha dóibh siúd a bhfreastalaímid orthu agus gur cheart dúinn míniú gníomhach a thabhairt faoi cé atá ionainn, cad a dhéanaimid, agus an fáth a ndéanaimid é. Trínár bhfóiraim tionscail, ár gcomhairliúcháin phoiblí, ár gcruinnithe idirchaidrimh le gníomhaireachtaí oifigiúla, seimineáir, Líne Chomhairle agus idirghníomhaíocht rialta leis na meáin, féachaimid chomh maith le línte cumarsáide a choimeád trínar féidir linn foghlaim agus freagairt agus ní hamháin i dtráthanna géarchéime. Cé go mairimid in aois mhionathruithe agus aois atá sofaisticiúil ó thaobh na teicneolaíochta de, tá an riosca dár soláthar bia fíor agus tá sé ann. Tá sé chomh tábhachtach céanna go ndéantar na rioscaí agus an tábhacht a bhaineann le sábháilteacht bia a chur in iúl is a bhfuil sé na réitigh theicniúla agus eolaíoch a chur i bhfeidhm.

In aitheantas an ghá lenár smaointeoireacht a chur in iúl agus a mhíniú, i ndiaidh comhairliúcháin, rinneamar an Ráiteas Straitéise 2012-2015 a ullmhú agus a fhoilsiú. Leagtar amach creat meántéarmach inti maidir le cláir oibre a phleanáil, a mheasúnú agus a athbhreithniú. Sainnithnítear ár dtosaíochtaí inti agus is iad sin; forfheidhmiú an dlí um bia; úsáid a bhaint as an gcomhairle eolaíochta is fearr chun taca a chur faoi gach cinneadh a dhéantar faoi shábháilteacht bia; oibriú i gcomhpháirtíocht le gach páirtí leasmhar chun caighdeán a choinneáil agus a fheabhsú agus a chinntiú go bhfuil an tÚdarás sofhreagrach, comhréireach agus solúbtha.

Rinneamar an Plean Náisiúnta Rialaithe 2012-2016 a fhorbairt chomh maith. Cuimsítear rialuithe sa phlean, a táirgeadh i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, maidir le bia agus beathú, sláinte agus leas ainmhithe agus sláinte plandaí. Is iad na gníomhaireachtaí oifigiúla amhail an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus na húdaráis áitiúla a chuireann na rialuithe bia i gcrích thar ceann an Údaráis faoi chonradh seirbhíse. Comhaontaíodh conarthaí seirbhíse leis an Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara agus leis an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann le linn 2102. Tá an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann freagrach anois as reachtaíocht maidir le hábhair theagmhála bia a fhorfheidhmiú i ngnólachtaí a dhéanann, a iompórtálann agus a dháileann ábhair phacáistithe bia.

In 2012, lean an tÚdarás dá chlár maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar ghníomhaireachtaí oifigiúla chun éifeachtacht agus oiriúnacht na rialuithe bia a fhíorú agus chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na ngníomhaireachtaí oifigiúla le téarmaí agus ceanglais na gconarthaí seirbhíse. Bhí foilsíú tuarascálacha bliantúla agus pleannanna um ghníomhartha ceartaitheacha ar láithreán Gréasáin an Údaráis ina thionscnamh in 2012 chun feabhas a chur ar oscailteacht agus ar thrédhearacht.

Níl an córas rialaithe náisiúnta um shábháilteacht bia díolmhaithe ó bheartas an Rialtais maidir le líonta na hearnála poiblí a laghdú sna dálaí eacnamaíochta reatha. Tá laghdú 15% tagtha ar líon na foirne san Údarás le cúig bliana anuas. Sa tréimhse chéanna, tháinig laghduithe idir 6%–11% i líonta na foirne sna gníomhaireachtaí oifigiúla.

Tá gá le cleachtais oibre a oiriúnú chun seirbhís le níos lú baill foirne a bhainistiú. Is mian leis an Údarás a chinntiú nach ndéantar dochar do shláinte tomhaltóirí agus do leasanna tomhaltóirí. Le linn 2012, d'oibrigh an tÚdarás go dlúth leis an tSeirbhís Sláinte Chomhshaoil i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun spriocanna agus minicíochtaí cigireachtaí a choigeartú chun díriú níos mó ar ghnólachtaí gnó a bhfuil an riosca is mó ag baint leo. Tugadh isteach catagóirí riosca úra le haghaidh gnólachtaí bia, mar aon le ceanglais úra chun déileáil le neamhchomhlíonadh. Is é an dearcadh plé le neamhchomhlíonadh go cuí agus gan mhoill. Tháinig méadú ar ghníomhartha forfheidhmiúcháin le linn 2012. Thug gníomhaireachtaí oifigiúla eile tionscnaimh chomhchosúla isteach maidir le cigireacht bunaithe ar riosca.

404

Rinneadh an tÚdarás iniúchadh ar 404 teagmhas bia in 2012, agus d'eisigh siad fógra poiblí in 18 gcás mar thoradh air sin.

8,797

Mar an bpointe teagmhála náisiúnta don Chóras Mear-Rabhaidh Eorpach um Bia don Duine agus d'Ainmhithe, rinne an tÚdarás 8,797 fógra ón gcóras a mheasúnú agus a mheas in 2012 agus chuir sé 53 fógra chuige maidir le bianna a easpórtáladh ó Éirinn.

In ainneoin na rialuithe oifigiúla, tá teagmhais bhia ag fás fós agus is tosaíochta é don Údarás iad a láimhseáil. Rinne an tÚdarás scrúdú ar 404 teagmhas bia in 2012, agus d'eisigh siad fógra poiblí in 18 gcás mar thoradh air sin. Chomh maith leis sin, mar an bpointe teagmhála náisiúnta don Chóras Mear-Rabhaidh Eorpach um Bia don Duine agus d'Ainmhithe, rinne an tÚdarás 8,797 fógra ón gcóras a mheasúnú agus a mheas in 2012 agus chuir sé 53 fógra chuige maidir le bianna a easpórtáladh ó Éirinn.

Baineann gné de theagmhais bhia atá ag teacht chun cinn le calaois bia. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le comhfhreagairt ó na gníomhaireachtaí Stáit éagsúla maidir leis sin. Chun na críche sin, bhunaigh an tÚdarás Tascfhórsa maidir le Calaois Bia in 2012. Grúpa ilghníomhaireachta is ea an tascfhórsa ina gcuimsítear daoine aonair ag a bhfuil taithí ó réimsí éagsúla forfheidhmiúcháin an Stáit a oibreoidh le chéile chun faisnéis agus taighde a chomhroinnt maidir le calaois bia agus a chuideoidh le feabhas a chur ar ár n-ábaltacht coireacht maidir le bia a bhrath agus a láimhseáil.

Is mionteagmhais iad a lán de na teagmhais, ach d'fhéadfadh sé go bhforbródh siad ina dteagmhais mhóra. Mar fhreagairt ar an mbagairt um ráig tinneas bia-iompartha, rinne an tÚdarás agus na gníomhaireachtaí atá freagrach as rialú oifigiúil bia agus sláinte phoiblí prótacal a fhorbairt agus a thástáil maidir le briseadh amach dá leithéid a bhainistiú. Rinneadh cleachtadh ionsamhlúcháin ar éirigh go han-mhaith leis chun ábaltachtaí freagartha a thástáil agus a fheabhsú. Rinneadh an chomhthairbh a bailíodh le linn an chleachtaidh ionsamhlúcháin a úsáid chun athbhreithniú ar an bprótacal náisiúnta um rialú ráige a éascú agus chun feabhas a chur ar fhreagairt chomhordaithe ráige i gcóras sláinte poiblí na hÉireann.

Braitheann bainistíocht teagmhas ar mheasúnú riosca inchreidte a bheith ann. Cé go bhfuil ábaltacht eolaíoch inmheánach ag an Údarás chun measúnuithe a dhéanamh, d'fhéadfadh cuidiú a bheith de dhíth air le teagmhais an-mhóra. Tá sé sin ar fáil go héascú don Údarás ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia. In 2012, d'óstáil an tÚdarás agus an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia comhchomhdháil idirnáisiúnta chun ceiliúradh 10 mbliana an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia a cheiliúradh agus é sin á dhéanamh thug siad ionadaithe agus páirtithe leasmhara rialála agus parlaiminte sa bhiashlabhra le chéile, chun an staid reatha maidir le sábháilteacht bia sa Eoraip a phlé agus chun na bagairtí agus na rioscaí atá ag teacht chun cinn a scrúdú.

Is í an bhagairt ar an tsláinte phoiblí a aithnítear go leathan anois droch-ionghabháil chothaithe agus murtall. Ar iarratas ón Aire Sláinte, thug an tÚdarás faoi chláir chun calraí a thabhairt isteach ar bhiachláir i mbialanna, caiféanna agus ionaid mhearbhia. Is í an aidhm tuilleadh faisnéise a chur ar fáil do thomhaltóirí faoin mbia a itheann siad, ionas gur féidir leo roghanna feasacha bia níos sláintiúla a dhéanamh. D'fhorbair an tÚdarás leabhrán chomh maith ar itheachán níos sláintiúla agus maireachtaíil ghníomhach. Dáileadh os cionn 10,000 cóip den leabhrán a dearadh lena n-úsáid ag gairmithe sláinte, lónadóirí agus tomhaltóirí.

AG BREATHNÚ AR AGHAIDH

Ag breathnú ar aghaidh, tá muinín agam go gcinnteofar go mbeidh sraith shoiléir cuspóirí agus spriocanna ag an Údarás atá cuí trí fhorbairt an phlean straitéise agus an phlean náisiúnta rialaithe. Leanfaidh an tÚdarás ag obair go dlúth leis na gníomhaireachtaí oifigiúla, agus cuirfidh siad freagracht orthu chomh maith.

Soláthróidh an tÚdarás na caighdeáin is airde um fhianaise eolaíoch d'Airí ina bplé maidir le beartas agus reachtaíocht um shábháilteacht bia. Agus é sin á dhéanamh, oibreoidh an tÚdarás lena Choiste Eolaíoch, agus comhoibreoidh sé leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia agus leis na gníomhaireachtaí rialaithe bia ar fud an AE. Ní féidir na caighdeáin is airde maidir le sábháilteacht bia a sheachadadh trí fhorfheidhmiú amháin. Tá comhoibriú leis na páirtithe leasmhara ar fad san earnáil agrairbhia agus tacaíocht na Comhairle Comhairlí um Shábháilteacht Bia a choinneáil ina bpríomhcheisteanna don Údarás.

“

**IS MIONTEAGMHAIS IAD
A LÁN DE NA TEAGMHAIS,
ACH D'FHÉADFADH SÉ GO
BHFORBRÓDH SIAD INA
DTEAGMHAIS MHÓRA.
MAR FHREAGAIRT
AR AN MBAGAIRT UM
RÁIG TINNEAS BIA-
IOMPARTHA, RINNE
AN ÚDARÁS AGUS NA
GNÍOMHAIREACHTAÍ
ATÁ FREAGRACH AS
RIALÚ OIFIGIÚIL BIA
AGUS SLÁINTE PHOIBLÍ
PRÓTACAL A FHORBAIRT
AGUS A THÁSTÁIL MAIDIR
LE BRISEADH AMACH DÁ
LEITHÉID A BHAINISTIÚ.**

”

Ní féidir liom an deis a ligean tharam gan ár mbrón a chur in iúl faoi bhás tragóideach ár gcomhghleacaithe a raibh ardmheas orthu, an tOllamh Dan Collins agus an tOllamh John Scott. Ba chomhalta é an tOllamh Collins ar ár mBord agus ar ár gCoiste Eolaíoch. Ba chairde iontach agus chomhoibrí luachmhar é a thug tacaíocht don Údarás ó bunaíodh é. Airíonn an fhoireann ar fad a chríonnacht agus a thaithí ollmhór uathu go mór sa réimse um shábháilteacht bia. Thug an tOllamh Scott comhairle don Údarás ar an ról atá ag aigéad fólach cothaithe maidir leis an riosca d'éalang néarfheadáin a laghdú. Tá an iarmhairt a bhí ag a obair cheannródaíoch ar shaolta líon do-áirithe leanáil ar fud an domhain, a mbeadh spina bifida á fhulaingt acu ar chuma eile, dothomhaiste. Chuir a obair taca faoi chomhairle bheartais an Údaráis maidir le foirtiliú bia aigéid fhólaigh don Aire Sláinte agus chuir a bhás brón ar an bhfoireann agus ar a chomhghleacaithe.

Tugaim mo bhuíochas as an tacaíocht láidir a fuairamar dár mBord, dár gCoiste Eolaíoch agus don Chomhair Chomhairleach um Shábháilteacht Bia chomh maith. Ba mhaith liom buíochas faoi leith a ghabháil le Cathaoirleach an Bhoird atá ag dul as oifig, an tUasal Eamonn Ryan as a threoir agus as ár bhfócas a choinneáil ar dhea-rialachas. Táim buíoch chomh maith as an tacaíocht leanúnach don Údarás ón Aire sláinte, an Dr James Reilly, T.D. agus ó fhoireann a roinne.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann na ngníomhaireachtaí oifigiúla as a dtiomantas agus a gcomhoibriú leanúnach maidir le comhspríoc na cosanta tomhaltóirí a bhaint amach trína chinntiú go bhfuil an bia a tháirgtear agus a chuirtear ar an margadh in Éirinn ina bhia ar na caighdeáin is airde.

Ar deireadh, táim an-sásta mo bhuíochas ó chroí a ghabháil, gan leisce, le foireann an Údaráis as a dtacaíocht, a ndea-thoil, a ngairmiúlacht agus a ndílseacht, agus as níos mó a dhéanamh le níos lú.

An tOllamh Alan Reilly

Príomhfheidhmeannach



ATHBHREITHNIÚ RIALÁLA

Tá an tÚdarás freagrach as an reachtaíocht bia ar fad in Éirinn a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú. Comhlíonann sé an fheidhm forfheidhmiúcháin seo trí chonarthaí seirbhíse le 33 gníomhaireacht oifigiúil agus cuireann an tAcht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 bonn reachtúil ar fáil.

Ba iad seo a leanas na gníomhaireachtaí oifigiúla a bhí ag obair faoin gcomhaontú conartha seirbhíse seo in 2012: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; an tÚdarás um Chosaint lascaigh Mhara; 28 údarás áitiúil; an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann; agus Foras na Mara. Is é ról an Údaráis comhordú agus monatóireacht a dhéanamh ar obair na ngníomhaireachtaí oifigiúla sin, trí na conarthaí seirbhíse, ina leagtar síos leibhéal agus caighdeán comhaontaithe maidir leis an obair a dhéanann na gníomhaireachtaí oifigiúla maidir le sábháilteacht bia. Maireann na conarthaí seirbhíse ar feadh trí bliana ar a laghad, agus is féidir athbhreithniú a dhéanamh orthu ar iarratas ón Údarás nó ón ngníomhaireacht oifigiúil i rith an ama sin. Chuir gach gníomhaireacht oifigiúil plean seirbhíse isteach le haghaidh na bliana agus tionóladh cruinnithe rialta le linn 2012 leis an mbainistíocht shinsearach agus na bainisteoirí líne atá freagrach as cigireacht agus anailís a sheachadadh.

Le linn 2012, pléadh agus comhaontaíodh conarthaí seirbhíse athbhreithnithe le hÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann agus leis an Údarás um Chosaint lascaigh Mhara. Tá raon feidhme i bhfad níos suntasaí ag an gconradh seirbhíse leasaithe le hÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann ná a bhí ag an gconradh roimhe sin, nár cuimsíodh ann ach aitheantas soláthairtí uisce mianraí nádúrtha. Áirítear ar an gconradh seirbhíse úr freagracht as forfheidhmiú na reachtaíochta um ábhair theagmhála bia sna gnólachtaí a dhéanann, a iompórtálann agus a dháileann pacáistiú bia agus ábhair theagmhála bia eile. Thosaigh cigireachtaí ar na háitribh sin le linn 2012 agus léiríodh an gá le feabhas a chur ar chomhlíonadh cheanglais na reachtaíochta sainiúla maidir le hábhair theagmhála bia a sholáthar. Rinneadh an conradh seirbhíse leis an Údarás um Chosaint lascaigh Mhara a leasú chun bainteacht na gníomhaireachta sa Phlean Náisiúnta Rialaithe agus in iniúchóireacht rialuithe oifigiúla a chuimsiú. Rinneadh a chonradh seirbhíse, mar aon leis na gníomhaireachtaí oifigiúla eile, a thabhairt suas chun dáta chomh maith chun an liosta nuashonraithe um reachtaíocht maidir le bia a chuimsiú ann.

Mar bheart éifeachtúlachta, d'aontaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh a conradh seirbhíse a leathnú chun rialuithe oifigiúla a chur san áireamh i ngléasraí feola i gContae Cheatharlach a thosófar i mí Eanáir 2013. Ghlac an tÚdarás páirt i bplé le linn na bliana le grúpa idirghníomhaireachta a bhunaigh Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach i dtaca le forbairt níos leithne seirbhísí tréidliachta a chomhsholáthar laistigh de na húdarás áitiúla.

33

33 gníomhaireacht oifigiúil ag obair faoi chomhaontú conartha seirbhíse in 2012.

Cuireadh tús leis an gconradh seirbhíse leasaithe le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus tá sé i bhfeidhm le trí bliana. Rinne an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara próiseas éascaithe a chomhaontú agus a chur bhfeidhm chun déileáil le gearáin faoi bhia a chuireann gníomhaireachtaí eile ar aghaidh chuici maidir le hoibreoír an ghnó bia atá faoina maoirseacht. Leis an nós imeachta leasaithe sin soláthraíodh toradh níos gaiste maidir le gearáin agus maidir le faisnéis níos cuimsithí a bheith ar fáil don ghníomhaireacht bhunaidh.

Le linn 2012, cuireadh roinnt tionscnamh le líonra saotharlann oifigiúil agus saotharlanna tagartha náisiúnta laistigh de na gníomhaireachtaí oifigiúla ar aghaidh, is iad sin: foilsíodh doiciméad idirghníomhaireachta chun oibriú an líonra saotharlann a éascú; tionóladh an chéad chruinniú idirghníomhaireachta de chuid na saotharlann ceimiceach bia oifigiúil agus lean saotharlanna micribhitheolaíochta gníomhaireachtaí oifigiúla de shonraí a chur isteach chuig an Údarás ar phataiginí aitheanta, agus déanann an tÚdarás iad a chomhordú agus a roinnt leis na saotharlanna ábhartha ansin.

Síníodh meamram tuisceana le Gníomhaireacht na Lochanna, ar gníomhaireacht í de chuid Choimisiún an Fheabhail, Chairlín agus Shoilse na hÉireann. Faoin meamram tuisceana úr seo, tabharfaidh Gníomhaireacht na Lochanna faoi shampláil sliogiasc agus uisce mar chuid den Chlár um Monatóireacht ar Shliogéisc na hÉireann.

Mar aon leis na Ballstáit uile san Aontas Eorpach, tá Plean Náisiúnta Rialaithe Ilbhliantúil i bhfeidhm in Éirinn, ar ceangal é i rialachán um rialuithe oifigiúla bia agus beatha na hEorpa. Cumhdaítear rialuithe sa phlean maidir le bia; beathú; leas ainmhithe agus sláinte ainmhithe agus plandaí. D'fhorbair an tÚdarás plean úr, i gcomhair leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, chun an tréimhse 2012-2016 a chumhdach. Cuireadh an plean agus tuarascáil bhliantúil maidir le feidhmiú an phlean roimhe sin faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh in 2012.

INIÚCHADH AR NA GNÓLACHTAÍ BIA

Déanann na gníomhaireachtaí oifigiúla iniúchadh ar thart ar 50,000 gnólacht bia in Éirinn, faoi chonradh seirbhíse leis an Údarás. In 2012, rinne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iniúchadh ar 92% gnólacht bia cláraithe; rinne an tÚdarás um Chosaint lascaigh Mhara iniúchadh ar 5.5% díobh; rinne an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara iniúchadh ar 1.5% díobh agus rinne na húdaráis áitiúla iniúchadh ar 1% díobh. Bhí dáileadh chéatadán na ngnólachtaí bia ar a ndearna na gníomhaireachtaí oifigiúla iniúchadh comhchosúil le cúig bliana anuas. Cuireann na gnólachtaí bia sin raon leathan gníomhaíochtaí i gcrích, ó oibríochtaí iompórtála agus déantúsaíochta, go dtí oibríochtaí dáilte, miondíola agus lónadóireachta.

LÍON AGUS CINEÁL AN GHNÓLACHTA BIA AR A NDEARNA NA GNÍOMHAIREACHTAÍ OIFIGIÚLA INIÚCHADH (2008 - 2012)

GNÍOMHAIREACTH OIFIGIÚIL	2008	2009	2010	2011	2012
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara					
Próiseálaithe Feola	163	156	154	154	153
Táirgeoirí Uibheacha	231	264	285	376	354
Próiseálaithe Bainne	233	231	230	233	240
	627	651	669	763	747
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte					
Táirgeoirí Príomhúla	37	30	27	23	21
Déantóirí agus Pacálaithe	1,370	1,649	1,921	2,253	2,534
Dáileoirí agus Iompróirí	1,249	1,246	1,370	1,487	1,472
Gnólachtaí Seirbhís Bia	30,478	31,055	30,567	31,404	3,0311
Miondíoltóirí	9,982	10,533	10,732	11,166	10,978
Déantóirí a Dhíolann ar Bhonn Miondíola go Príomha	810	790	1,738	724	695
	43,926	45,303	46,355	47,057	46,011
An tÚdarás um Chosaint lascaigh Mhara					
Ionaid Fhaofa	174	177	183	183	189
Láithreáin Dobharshaothraithe*	82	86	86	0	0
Soithí Monarchan agus Reoiteora (Faofa - Éireannach)	5	21	23	23	34
Soithí lascaireachta	2,067	2,095	2,129	2,201	2,216
Gléasraí Oighir	13	12	13	12	12
Limistéir Táirgthe Mollusca	150	150	130	131	131
Gnólacht Bia Cláraithe ar Talamh	0	35	45	56	81
	2,491	2,576	2,609	2,606	2,663
Údaráis Áitiúla					
Seamlais	222	237	219	212	206
Gléasraí Beaga Déantúsaíochta Feola	175	186	175	180	189
Gléasraí Éineola	13	27	37	41	35
Eile	0	7	20	17	26
	410	457	451	450	456
Iomlán	47,449	48,966	50,093	50,853	49,877

* Cigireacht ar láithreáin do bharshaothraithe arna n-aistriú chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara in 2010



Rinne an tÚdarás iniúchtaí ar ionaid lónadóireachta agus ar ghléasraí déantúsaíochta bia chun an dóigh a rialaítear ailléirginí bia agus an dóigh a gcuirtear faisnéis ar ailléirginí bia ar fáil do chustaiméirí a dhearbhú. Ba é an cuspóir a bhí leis na hiniúchtaí sin leibhéal ullmhachta na dtionscal lónadóireachta agus déantúsaíochta a dhearbhú maidir leis na rialacha úra um lipéadú bia a chur i bhfeidhm chun úsáid ailléirginí bia sainithe, is cuma cibé acu an bhfuil an bia réamhphacáistithe nó nach bhfuil sé réamhphacáistithe a dhearbhú. Ó mí na Nollag 2014 i leith, beidh sé éigeantach go ndéanann gnólachtaí lónadóireachta na hailléirginí a úsáideann siad ina mbia a dhearbhú agus a lipéadú. Léiríodh i dtorthaí na n-íniúchtaí nach leor an bhainistíocht agus rialú na n-ailléirginí bia i roinnt gnólachtaí bia chun sláinte na ndaoine le hailléirginí bia agus éadulaingt ar bhia a chosaint.

Sa phictiúr ag fógairt na n-íniúchtaí tá (c-d): An tUasal Eibhlin O'Leary, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus an tUasal Ruth Conefrey, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

Tá gach gnólacht bia catagóirithe de réir riosca, de réir na ngníomhaíochtaí a dhéantar agus an bhia a tháirgtear. Tugtar tús áite do ghnólachtaí bia a dhéanann gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh sláinte an duine a chur in ard-bhaol maidir le cigireacht a dhéanamh orthu. Is ceangal é i rialacháin na hEorpa maidir le rialuithe oifigiúla bia córas bunaithe ar riosca le haghaidh cigireachtaí agus cláir shamplála a bheith i bhfeidhm. Is cur chuige é sin chomh maith atá ag éirí níos tábhachtaí chun an úsáid is éifeachtúla as acmhainní na hearnála poiblí a chinntiú. In 2012, rinne an tÚdarás, i gcomhair leis an tSeirbhís Sláinte Chomhshaoil i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an treoir um riosca do na gnólachtaí bia ar a ndéanann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iniúchadh a leasú, chun na catagóirí riosca a mhionathrú agus minicíochtaí um chigireacht chomhréireach a shocrú.

LÍON NA MBALL FOIRNE AG OBAIR SA RIALÚ OIFIGIÚIL

Tugann na gníomhaireachtaí oifigiúla tuarascáil don Údarás gach bliain maidir leis na hacmhainní foirne a thiomnaíonn siad i gcomhair rialuithe oifigiúla, faoi na conarthaí seirbhíse. Ar an iomlán ó bhí 2008 ann, tá laghdú 8% tagtha i líonta na bhfoirne coibhéise lánaimseartha, ach bhí roinnt laghduithe níos mó i roinnt gníomhaireachtaí. Tá laghdú 15% tagtha ar sholáthar foirne an Údaráis thar an tréimhse cúig bliana seo. Tharla an laghdú sin de bharr an mhoratóra ar an earcaíocht san earnáil phoiblí agus is é an dúshlán ar na gníomhaireachtaí oifigiúla rialuithe sábháilteachta bia éifeachtúla a sheachadadh leis an bhfoireann laghdaithe, lena chinntiú nach ndéanfar dochar do chosaint tomhaltóirí.

LÍON NA MBALL FOIRNE* DE RÉIR NA GNÍOMHAIREACHTA OIFIGIÚLA, 2008-2012

GNÍOMH-AIREACHT	2008	2009	2010	2011	2012	% AN ATHRAITHE 2008-2012
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara^a	463	501	511	454	433	-6%
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte:						
An tSeirbhís Sláinte Chomhshaoil	376	379	361	333	344	-8%
Saotharlanna Micribhith-eolaíocht Bia	81	83	79	74	73	-10%
Saotharlanna Anailísithe Poiblí	72	67	69	68	65	-9%
An tÚdarás um Chosaint lascaigh Mhara	47	46	43	45	42	-11%
Údaráis Áitiúla^a	76	75	72	72	71	-8%
Foras na Mara	21	28	28	31	28	35%
An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann	0.1	0.1	0.1	0.1	0.1	0%
Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann^b	85	84	75	74	72	-15%
Iomlán	1,221	1,263	1,238	1,151	1,128	- 8%

* Coibhéis lánaimseartha

^a Ní chuimsítear na cigirí tréidliachta sealadacha a bhaineann le cigireacht feola sna figiúirí sin

^b Ní chuimsítear foireann chomhairleachta nó foireann ar conradh gearrthéarmach iontu

CIGIREACHTAÍ

Oibríonn na gníomhaireachtaí ar fad cláir bunaithe ar riosca maidir le rialuithe oifigiúla. Tá cigireachtaí gan fhógra i ngnólachtaí bia ina ngné thábhachtach de na rialuithe oifigiúla, mar aon le gníomhaíochtaí eile amhail, sampláil bhia, imscrúdú ar theagmhais agus ar ráigeanna. I roinnt gníomhaireachtaí, go háirithe an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, tá laghdú fadtéarmach tagtha ar líon na gcigireachtaí, agus béim mhéadaithe á cur ar iniúchtaí níos críochnúla ar chórais bhainistíochta um shábháilteacht bia i ngnólachtaí bia móra agus ar ionaid lena mbaineann riosca níos airde don tsláinte phoiblí.

NUMBER OF INSPECTIONS BY OFFICIAL AGENCIES, 2008-2012

GNÍOMH-AIREACHT	2008	2009	2010	2011	2012	% AN ATHR-AITHE 2008-2012
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ^a	17,083	14,303	13,169	11,495	10,830	-36%
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	46,873	45,485	41,966	37,973	36,584	-22%
An tÚdarás um Chosaint lascaigh Mhara	2,217	2,792	2,521	2,330	2,386	8%
Údarás Áitiúla ^b	-	-	-	5,156	4,630	N/B

^a Cigireachtaí i bpróiseálaithe feola, bainne agus uibheacha

^b Rinneadh gníomhaíocht chigireachta roimh 2011 a thaifeadadh ar mhodh difriúil agus ní féidir comparáid a dhéanamh idir na líonta

INIÚCHTAÍ A RINNE AN TÚDARÁS

Déanann an tÚdarás iniúchtaí ar na gníomhaireachtaí oifigiúla d'fhonn éifeachtacht agus oiriúnacht na rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na cigireachtaí ábhartha a fhíorú. Déantar comhréireacht de réir théarmaí agus cheanglais na gconarthaí seirbhíse agus cloí na ngníomhaireachtaí oifigiúla leis na ceanglais sa Phlean Náisiúnta Rialaithe Ilbhliantúil a bhaineann lena ngníomhaíochtaí a fhíorú sna hiniúchtaí sin chomh maith. Déanann an tÚdarás monatóireacht ar na torthaí ó na hiniúchtaí agus ó ghníomhartha ceartaitheacha ar bith lena mbaineann trí phróiseas monatóireachta na gconarthaí seirbhíse. Le linn 2012, rinne an tÚdarás iniúchtaí rialuithe oifigiúla Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar rialuithe in ospidéal agus naíolanna agus, i ngnólachtaí bia a

rangaítear mar ghnólachtaí ardriosca. Rinneadh iniúchtaí rialuithe oifigiúla ar an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i ngléasraí maraithe agus próiseála éineola; ar mharú éigeandála ainmhithe ar an bhfeirm ag áitribh fhaofa agus ar athleanúint agus ar dhúnadh neamhchomhlíonta a sainaithníodh le linn na n-iniúchtaí rialuithe oifigiúla sna háitribh feola ar a ndéanann sé maoirseacht. Rinneadh iniúchtaí rialuithe oifigiúla ar Sheirbhís Tréidliachta an Údaráis Áitiúil i ngnólachtaí bia atá faoina maoirseacht agus ar mharú éigeandála ar an bhfeirm ag áitribh fhaofa. Rinneadh iniúchtaí rialuithe oifigiúla leis an Údarás um Chosaint lascaigh Mhara i ngnólachta bia um tháirgí éisc agus iascaigh. Ar deireadh, rinneadh dhá iniúchadh dírithe chomh maith le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar mar a bhí an gnó bia ag comhlíonadh rialuithe ailléirginí in ionaid lónadóireachta agus mar a bhí an gnó bia ag comhlíonadh reachtaíochta maidir le lipéadú.

Foilsíonn an tÚdarás a thuarascálacha bliantúla agus a phleananna um ghníomhartha ceartaitheacha ar a láithreán Gréasáin anois chun feabhas a chur ar thrédhearcacht. Tríd an tionscnamh sin is féidir le páirtithe leasmhara rochtain a fháil ar thorthaí na n-iniúchtaí agus cuireann sé ar chumas an Údaráis a chinntiú do pháirtithe leasmhara, tomhaltóirí agus daoine ar bith eile ar suim leo an scéal go bhfuil rialuithe oifigiúla i bhfeidhm, go bhfuil siad oiriúnach agus éifeachtach agus go bhfuil siad faoi réir feabhsaithe leanúnaigh.

Tá an Coimisiún Eorpach freagrach as a chinntiú go ndéantar reachtaíocht Eorpach maidir le sábháilteacht bia, sláinte ainmhithe, sláinte plandaí agus leas ainmhithe a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú mar is cuí. Mar sheirbhís Choimisiúin, imríonn an Oifig Bia agus Tréidliachta ról tábhachtach maidir leis an tasc sin a chomhlíonadh trína hiniúchtaí, cigireachtaí agus gníomhaíochtaí lena mbaineann. Le linn 2012, rinne an Oifig Bia agus Tréidliachta dhá mhisean d'Éirinn, ceann ar ábhair shalaithe agus ar iarmhair na gcógas tréidliachta in ainmhithe beo agus táirgí ainmhithe, agus ceann eile ar rialuithe iompórtálacha nach ndéantar ag Pointe Cigireachta Teorann. Rinne an tÚdarás na misin sin a chomhordú agus a éascú. Aithníodh aon ghníomhartha ceartaitheacha a bhí riachtanach i ndiaidh gach misin díobh agus cuireadh plean gníomhaíochta faoi bhráid an Choimisiúin. Rinne an Oifig Bia agus Tréidliachta athbhreithniú ginearálta ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le cur i bhfeidhm a moltaí óna misin d'Éirinn ó bhí 2010 ann (an t-am deireanach a d'fhoilsigh sí athbhreithniú ginearálta). Foilseofar tuarascáil deiridh an athbhreithnithe seo in 2013.

Rinne an Oifig Bia agus Tréidliachta misin bhreise maidir le rialuithe ar shábháilteacht bia agus leas ainmhithe gríosacháin éineola. Tagann siad sin lasmuigh de shainchúram an Údaráis, áfach, sa chás nach bhfuil ach páirt teoranta ag an Údarás.

INIÚCHTAÍ AR NA GNÓLACHTAÍ BIA

Mar chuid d'fheidhm iniúcháireachta an Údaráis, déanann sé iniúchtaí chun imscrúdú a dhéanamh ar an bhfuil na caighdeáin is airde um shábháilteacht bia agus comhlíonadh an dlí á gcur i bhfeidhm ag gach earnáil sa bhiaslabhra. D'fhéadfaí cigireachtaí a thionscnamh mar thoradh ar theagmhais sábháilteachta bia, riosca atá ag teacht chun cinn nó sa chás go gceaptar go bhfuil calaois bia ann. Déantar scrúdú sna hiniúchtaí sin ar éifeachtacht agus oiriúnacht na rialuithe oifigiúla agus/nó comhlíonadh oibreoirí na ngnólachtaí bia maidir le sainghné den dlí um bia. In 2012, rinneadh iniúchtaí ar ionaid lónadóireachta agus ar ghléasraí déantúsaíochta bia chun an dóigh a rialaítear ailléirginí bia agus an dóigh a gcuirtear faisnéis ar ailléirginí bia ar fáil do chustaiméirí a dhearbhu. Ba é an cuspoir a bhí leis an dá iniúchadh sin leibhéal ullmhachta na dtionscal lónadóireachta agus déantúsaíochta a dhearbhu maidir leis na rialacha úra um lipéadú bia a chur i bhfeidhm lena gceanglaítear go ndearbhaítear úsáid ailléirginí bia sainithe, is cuma cibé acu an bhfuil an bia Réamhphacáistithe nó nach bhfuil. Léiríodh i dtorthaí na n-iniúchtaí nach leor an bhainistíocht agus rialú na n-ailléirginí bia i roinnt gnólachtaí bia chun sláinte na ndaoine le hailléirginí bia agus éadulaingt ar bhia a chosaint. Oibreoidh an tÚdarás go dlúth le tionscal an bhia chun na cleachtais is fearr a bhunú maidir le bainistíocht agus rialú ailléirginí bia.

Rinneadh iniúchadh spriocdhírthe le Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin Bhia chun an leibhéal comhlíonta maidir le ceanglais um inrianaitheacht ag gnólachtaí bia sa dá dhlíne a dhearbhu. Dearbhaíodh ann go raibh gnólachtaí bia a chuimsigh nósanna imeachta inrianaitheachta ina gcórais bhainistíochta um shábháilteacht bia i staid níos fearr chun freagairt níos gaiste agus níos cruinne a thabhairt ar iarratais ar shainfhaisnéis inrianaitheachta. D'eascair roinnt moltaí ón iniúchadh sin amhail: ba cheart do mheasúnú ar chomhlíonadh na gceanglas inrianaitheachta a bheith ina chuid de rialú oifigiúil; ba cheart gnólachtaí bia a spreagadh chun inrianaitheacht a chuimsiú ina gcórais bhainistíochta um shábháilteacht bia agus ba cheart athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an gcomhaontú oibríthe reatha idir an tÚdarás agus Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin Bhia.



D'óstáil an tÚdarás seimineár inar breathnaíodh ar athruithe atá le teacht faoi na rialacháin um fhaisnéis bia an AE ag a mbeidh iarmhairt shuntasach ar an dóigh a ndéanann gnólachtaí bia cumarsáid le tomhaltóirí agus lena gcoigeartófar na rialacha um lipéadú agus fógraíochta a bhí i bhfeidhm ó bhí 2000 ann. Leathnaítear an rialachán úr thar lipéadú bia chun gníomhaíochtaí a bhaineann le faisnéis bia a sholáthar do thomhaltóirí, lena n-áirítear trí mhargaíocht ar an idirlíon. Baineann sé le gnólachtaí bia ag gach céim den bhiaslabhra agus pléitear ceisteanna ilchineálacha ann amhail clómhéid, lipéadú ailléirginí ar bhia réamhphacáistithe, dearbhú cothaithe, lipéadú ar aghaidh an phacáiste agus lipéadú tionscnaimh. Lainseáil an tÚdarás leabhrán ag an seimineár: *Forbhreathnú Athruithe ar Lipéadú Bia a Tugadh isteach faoin Rialachán úr um Fhaisnéis Bia* ina dtugtar forbhreathnú maidir leis na rialacháin úra um lipéadú do ghnólachtaí bia atá éasca le tuiscint, lena n-áirítear amlínte i gcomhair a gcur i bhfeidhm.

Sa phictiúr ag an seimineár tá (c-d): An Dr Wayne Anderson, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus an tUasal Anne-Marie Boland, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

FÓGRAÍ AGUS ORDUITHE FORFHEIDHMIÚCHÁIN


Tá an tAcht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998, ar cheann de na pósaí reachtaíochta trína dtugtar cumhacht d'oifigigh údaraithe cigireacht a dhéanamh ar ghnólachtaí bia maidir le reachtaíocht um shábháilteacht bia a chomhlíonadh. Faoin Acht seo, féadfaidh oifigigh údaraithe, i gcúinsí ina bhfuil baol ann do shláinte an phobail, Fógra Feabhsúcháin a sheirbheáil (lena gceanglaítear gur gá obair feabhsúcháin a dhéanamh), Ordú Feabhsúcháin (leisithe ag an gcúirt dúiche toisc nár comhlíonadh Fógra Feabhsúcháin), Ordú Dúnta (lena ndúntar gnó), nó Ordú Toirmisc (lena gcuirtear srianta nó cosc ar an mbia a úsáid). Tá cumhachtaí breise ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi Rialacháin an CE (Rialú Oifigiúil ar Earraí Bia) 2010 Uimh. 117 de 2010) chun Orduithe Dúnta nó Orduithe Toirmisc a sheirbheáil toisc nach bhfuil reachtaíocht bia á comhlíonadh.

Seirbheáladh 416 fógra forfheidhmiúcháin ar ghnólachtaí bia in 2012, nuair a fuarthas amach go raibh an reachtaíocht maidir le sábháilteacht bia á sárú acu. Is é sin méadú ar fhigiúirí 2011 (378). Ba Fhógraí Feabhsúcháin a bhí sa chuid is mó (307) de na horduithe forfheidhmiúcháin a seirbheáladh in 2012, agus ba Orduithe Dúnta (91), Orduithe Toirmisc (15) agus Orduithe Feabhsúcháin (3) a bhí sa chuid eile. Ba é Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a d'eisigh formhór na bhforfheidhmiúcháin sin.

In 2012, i ndiaidh threocht na mblianta roimhe sin, seirbheáladh formhór na nOrduithe Dúnta (86%) ar an earnáil seirbhísí, go háirithe ar ionaid beir leat (28 Ordú Dúnta) arbh ionann iad agus 30% de na gnólachtaí bia ar fad a fuair orduithe le dúnadh. Ba ionann líon na nOrduithe Dúnta agus an líon is mó a taifeadadh i mbliain ar bith go dtí seo. Is féidir é sin a mhíniú i bpáirt leis an méadú in úsáid na cumhachta chun Orduithe Dúnta a eisiúint le haghaidh comhlíonadh tromchúiseach leis an reachtaíocht um bia, a cuireadh ar fáil toisc gur thug an tAire Sláinte Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú Oifigiúil ar Earraí Bia), 2010 isteach.

Ó 2008 i leith, seirbheáladh 1,348 Fógra Feabhsúcháin, 343 Ordú Dúnta, 59 Ordú Toirmisc agus 27 Ordú Feabhsúcháin ar ghnólachtaí bia. I gcás gach cineál forfheidhmiúcháin, ar an earnáil seirbhísí (1,301 nó 73%) a seirbheáladh an chuid ba mhó díobh, agus ar an earnáil miondíola (281 nó 16%) a seirbheáladh an dara líon ba mhó díobh. As an 1,301 forfheidhmiúcháin a seirbheáladh ar an earnáil seirbhísí, seirbheáladh 685 (53%) ar bhialanna/ceaintíní agus 308 (24%) ar ionaid beir leat.

FORFHEIDHMIÚCHÁN A SEIRBHEÁLADH, 2008-2012



ORDUITHE DÚNTA A SEIRBHEÁLADH FAOIN ACHT UM ÚDARÁS SÁBHÁILTEACHTA BIA NA HÉIREANN, 1998 IN 2012

CATAGÓIR	CINEÁL GNÓ	ORDÚ DÚNTA
Déantóirí/ Pacálaithe	Bácús/Milseogra	1
	Próiseáil lasc	1
	Ionú Sliogiasc	1
Miondíoltóir	Grósaeireacht Catagóir II (Bia Réamhphacáistithe)	1
	Ollmhargadh Catagóir I (Gníomhaíochtaí Measctha, Bia Oscailte agus Ullmhú lena Ordú)	3
Earnáil Seirbhísí Gnó	Stalla Bia Catagóir I (Ullmhú)	1
	Óstán Catagóir I (Oll-lónadóireacht/Seirbhís Iomlán Béile)	1
	Teach Tábhairne 1: Ina Riartar Bia	4
	Teach Tábhairne Catagóir III (Nach Riartar Bia ann)	1
	Teach Tábhairne Catagóir I (Ina nUllmhaítear Bia)	1
	Bialann/Ceaintín	1
	Bialann Catagóir I (lena n-áirítear Siopaí Caife, Ceaintíní, srl)	20
	Ionad beir leat	10
	Ionad beir leat Catagóir I (Ullmhú)	9
	Iomlán	

416

Le linn 2012, seirbheáladh 416 Fógra agus Ordú Forfheidhmiúcháin ar ghnólachtaí bia a raibh an reachtaíocht maidir le sábháilteacht bia á sárú acu.


ORDUITHE DÚNTA A SEIRBHEÁLADH FAOI RIALACHÁIN NA GCOMHPHOBAL EORPACH (EARRAÍ BIA A RIALÚ GO HOIFIGIÚIL), 2010 IN 2012

CATAGÓIR	CINEÁL GNÓ	ORDÚ DÚNTA
Déantóirí/ Pacálaithe	Bácús/Milseogra Catagóir III (Arán, Cácaí agus a Macasamhail)	1
Retailer	Delicatessen	1
	Ceannaí éisc 1: Éisc amha amháin	1
	Grósaeireacht Catagóir II (Bia Sciartha/Oscailte)	2
	Ollmhargadh Catagóir I (Gníomhaíochtaí Measctha, Bia Oscailte agus Ullmhú lena Ordú)	1
Earnáil Seirbhísí Gnó	Stalla Bia Catagóir I (Ullmhú)	2
	Óstán Catagóir I (Oll-lónadóireacht/Seirbhís Iomlán Béile)	1
	Teach Tábhairne 1: Ina riartar bia	3
	Teach Tábhairne Catagóir I (Ina nUllmhaítear Bia)	2
	Bialann Catagóir I (Lena n-áirítear Siopaí Caife, Ceaintíní, srl) (Ullmhú)	15
	Ionad beir leat	1
	Ionad beir leat Catagóir I (Ullmhú)	8
Iomlán		38

IONCHÚISIMH

Tá eolas faoi ionchúisimh rathúla foilsithe ar láithreán Gréasáin an Údaráis. In 2012, cuireadh an tÚdarás ar an eolas faoi dheich n-ionchúiseamh rathúla a rinne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte de bharr sárúithe ar dhlí an bhia. Is é sin an líon céanna a tionscnaíodh in 2011 (10).

IONCHÚISIMH DE RÉIR AN CHINEÁIL GHNÓ, 2012 (IOMLÁN 10)



● Dáileoirí/Iompróirí	60%
● Déantóir/Pacálaí	10%
● Earnáil na Seirbhísí	30%

MONATÓIREACHT

I gcomhar leis na gníomhaireachtaí oifigiúla, comhaontaíonn an tÚdarás cláir faireachais agus monatóireachta éagsúla gach bliain ar bhia agus foilsítear tuarascálacha sonracha. Cuirtear sonraí ó na cláir sin isteach chuig an Údarás agus cuirtear ar fáil iad, de réir mar a iarrtar iad, don Choimisiún Eorpach nó don Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia. Le linn 2012, rinneadh suirbhéanna maidir le sábháilteacht síolta triomaithe agus cnónna agus, údaracht iasc.

Ach an oiread le gach suirbhé a dhéantar, mar gheall ar an méid sonraí a bhíonn le comhordú agus le hanailísíú, tarlaíonn sé amanna, nach féidir na tuarascálacha a chur i gcrích agus a fhoilsiú go dtí an bhliain dar gcionn. Mar gheall air sin, aontaítear prótacal sula ndéantar gach suirbhé ina n-áirítear gníomhartha leantacha láithreacha a bheidh le glacadh ar mhaithe le cosaint tomhaltóirí, nuair is gá, i gcás go mbraitear comhlíonadh ar bhonn dlíthiúil. Dá bharr sin, i roinnt cásanna, cosúil le samplaí d'uisce i mbuidéil, tógadh gníomh nuair ab eol an toradh saotharlainne agus láimhseáladh an cheist mar theagmhas bia lena n-áirítear smachtbhannaí dlí, rinneadh aisghairm ar an táirge agus eisíodh rabhaidh bhia.

1,095

In 2012, tugadh fógra don Údarás maidir le hiomlán de 1,095 forbhia.

Suirbhé ar Shíoltaí Triomaithe agus ar Chnónna

Rinneadh suirbhé chun scrúdú a dhéanamh ar shábháilteacht bhaictéareolaíoch agus cheimiceach síolta triomaithe agus cnónna réidh le hithe. Ba é an cuspóir leis an suirbhé imscrúdú a dhéanamh ar láithreach *Salmonella* spp., *Escherichia coli* agus aflatocsainí in 891 táirgí réamhphacáistithe cnónna agus síolta réidh le hithe atá ar díol in Éirinn. Léiríodh sa suirbhé go raibh 0.3% (3/891) de shamplaí catagóirithe mar a bheith 'do-ghlactha/d'fhéadfadh siad a bheith guaiseach' le haghaidh *Salmonella* spp., in 25g. Braitheadh *E. coli* ag leibhéil 'mhíshásúla', .i. 100 aonad déanta coilíneachta in aghaidh an ghraim (cfu/g), in 0.3% (3/891) de shamplaí. Bhain na leibhéil *E. coli* agus na leibhéil 'do-ghlactha/a d'fhéadfadh a bheith guaiseach' maidir le *Salmonella* le táirgí síolta. Rinneadh na samplaí go léir ar a ndearnadh anailís i gcomhair aflatocsainí a chatagóiriú mar a bheith 'sásúil'.

Tháinig roinnt moltaí don tionscal chun cinn sa suirbhé sin, mar shampla: ceanglas maidir le treoir ar dheachleachtais sláinteachais agus déantúsaíochta ar fud gach céime de tháirgeadh na gcnónna agus na síolta atá réidh le hithe, ach go háirithe béim a chur ar na próisis ríthábhachtacha maidir leis na síolta a ghlanadh agus a thriomú agus: tá gá le dea-chleachtais sláinteachais nuair atá na táirgí sin á n-athphacáistiú isteach i bpacáí níos lú i gcomhair miondíola.

Suirbhé ar Údaracht Iasc

Chuir an tÚdarás monatóireacht ar lipéadú éisc agus táirgí éisc san áireamh ina chlár faireachais ghnáthaimh bliantúil in 2012. Rinneadh sé déag iasc nó táirge éisc ar díol in ollmhargaí nó i gceannaithe éisc in Éirinn a shampláil agus a anailísiú. Rinneadh na táirgí sin a lipéadú lena léiriú go raibh siad comhdhéanta de throsca nó go raibh trosc iontu agus dearbhaíodh láithreach troisc i ngach sampla. Tá na torthaí sin dearfach, ag cur san áireamh suirbhé comhchosúil a rinneadh an bhliain roimhe sin ina bhfuarthas amach go raibh an lipéad mícheart ar 19% de na táirgí a sampláladh. Chuir an tÚdarás monatóireacht ar lipéadú éisc agus táirgí éisc san áireamh ina chlár faireachais ghnáthaimh bliantúil in 2012.

Suirbhé ar Údaracht Táirgí Feola

Déanann an tÚdarás monatóir leanúnach ar bhianna ar mhargadh an hÉireann lena chinntiú go gcloíonn siad le ceanglais an dlí um bia agus go bhfuil siad sábháilte. Mar chuid den ghníomhaíocht ghnáthaimh sin, tosaíodh ag obair ar shuirbhé ag deireadh 2012 chun imscrúdú a dhéanamh ar údaracht na dtáirgí feola ar mhargadh na hÉireann. Tá an suirbhé seo mar chuid de chlár monatóireachta agus faireachais an Údaráis ar lipéadú bianna, go sonrach chun cineál speiceas ainmhí i dtáirgí feola a sheiceáil. Foilseofar torthaí an tsuirbhé seo in 2013.

BIA IONRADAITHE

Is é an tÚdarás an t-údarás inniúil maidir leis an reachtaíocht lena rialaítear bia ionradaithe a fhorfheidhmiú. Déanann sé monatóireacht ar mhargadh na hÉireann lena chinntiú nach bhfuil ar díol ach bianna atá údaraithe i gcomhair ionradaíochta laistigh den AE amháin agus go bhfuil siad lipéadaithe mar is ceart. In 2012, rinneadh anailís ar 78 sampla bia sna saotharlanna anailísí phoiblí, ach dearbhaíodh nach raibh ceann ar bith díobh ionradaithe. Cuirtear na torthaí as Éirinn chuig an gCoimisiún Eorpach lena gcur isteach ina thuarascáil bhliantúil um bia agus comhábhair bhia a chóireáiltear le radaíocht ianúcháin, a chuimsítear don Aontas Eorpach go léir.

BIA AR NDEARNADH TÁSTÁIL I GCOMHAIR IONRADAÍOCHTA, 2012

CINEÁLACHA BIA A ANAILÍSÍODH	LÍON
Luibheanna/Spíosraí	29
Tae	27
Núdail	9
Síolta	6
Forbhianna	4
Grabhróga aráin	1
Blastanais	1
Anlann	1
Iomlán	78

BIA GÉINATHRAITHE

Is é an tÚdarás an t-údarás inniúil maidir le bia géinathraithe in Éirinn. Le cúnamh ó shaineolaithe eolaíoch seachtracha, rinne an tÚdarás athbhreithniú ar mheasúnuithe sábháilteachta a rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia ar roinnt comhábhair bia géinathraithe, is iad sin: grán buí MON162; grán buí MON87460; pónairí soighe A5547-127; ráibe síl ola MS8, RF3 agus MS8xRF3 agus cadás MON531 x MON144. Rinneadh conclúidí an Údaráis a athsheachadadh ansin chuig an Roinn Sláinte agus is í an Roinn Sláinte an t-údarás inniúil maidir le cúrsaí beartais a bhaineann le bia géinathraithe.

Chomhordaigh an tÚdarás sampláil agus anailís 46 sampla bia a rinneadh i saotharlanna anailísí phoiblí chomh maith maidir le láithreach údaraithe agus lipéadú cuí ar chomhábhair ghéinathraithe. Fuarthas go raibh na samplaí go léir a anailísíodh ag cloí leis an reachtaíocht ábhartha.

BIA AR A NDEARNADH TÁSTÁIL I GCOMHAIR COMHÁBHAIR GHÉINATHRAITHE, 2012

CINEÁLACHA BIA A ANAILÍSÍODH	LÍON
Grán Buí/Táirgí Gráin Bhuí	20
Bia ina bhfuil Comhábhair Gráin Bhuí	9
Táirgí Soighe	10
Rís/Táirgí Ríse	6
Eile	1
Iomlán	46

BIA NUA

Is é an tÚdarás an t-údarás inniúil maidir le nuabhia in Éirinn agus déanann sé measúnuithe nó athbhreithnithe sábháilteachta nuabhia na mBallstát eile, mar chuid de phróiseas údaraithe an AE. Le cúnamh ó shaineolaithe eolaíoch ón taobh amuigh, rinne an tÚdarás measúnuithe sábháilteachta ar thrí nuabhia/ chomhábhar nua in 2012, is iad sin: bainne paisteartha UV-chóireáilte, Citicoline agus próitéin síl ráibe. Ina theannta sin, rinne an tÚdarás athbhreithniú ar na measúnuithe sábháilteachta a rinne Ballstáit eile ar chomhábhair ghéinathraithe maidir le: Giosta vitimín D; Nattokinase; DHA agus EPA ar mhórán ola ón scitseitiram miocralgaí; síol chia agus an vitimín sintéiseach K2.

Cuireadh ceithre hiarratas isteach chuig an Údarás ar thuairim maidir le coibhéis shubstantiúil chomhábhair na nuabhiana a bhí cosúil leis na comhábhair atá ar mhargadh an AE cheana. Chuir an tÚdarás tuairimí dearfacha ar fáil maidir le: vitimín K2; ola céadfáscaidh inca inchi; L-alanyl-L-glútáimín agus béite-ghlúcáin ghiosta.

FORBHIANNA, RÉIMBHIANNA PARNUTS AGUS BIANNA CHUN CRÍOCH SPEISIALTA LEIGHIS

Faoin reachtaíocht maidir le forbhianna, ní mór d'oibreoirí gnólachtaí bia a chur in iúl don Údarás go bhfuil sé ar intinn acu forbhia a chur ar mhargadh na hÉireann den chéad uair. Cumasaíonn sé sin eagrú níos éifeachtaí ar rialuithe oifigiúla. In 2012, tugadh fógra don Údarás maidir le hiomlán de 1,095 forbhia, agus rinneadh measúnú ar 449 díobh i gcomhair comhlíontachta.

Fuair an tÚdarás 9 bhfógra chomh maith maidir le réimbhianna PARNUTS ginearálta (bianna a úsáidtear ar chúiseanna cothaithe áirithe) agus 32 fógra maidir le bianna chun críche speisialta leighis. Astu sin, roghnaíodh trí cinn de na réimbhianna PARNUTS agus ocht gcinn de na bianna chun críche speisialta leighis i gcomhair measúnuithe. Faoin nós imeachta fógartha, caithfidh oibreoir an ghnó bia foirm fhógra chomhlánaithe, lipéad an táirge agus faisnéis bhreise ar bith eile a chur faoi bhráid an Údaráis lena measúnú. Déantar measúnú ansin ar cibé an bhfuil an bia ag comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha nó nach bhfuil.

ÁBHAIR THEAGMHÁLA BIA

Is é an tÚdarás an t-údarás inniúil atá freagrach as forfheidhmiú na reachtaíochta um ábhair theagmhála bia sna gnólachtaí a dhéanann, a iompórtálann agus a dháileann pacáistiú bia agus ábhair theagmhála bia eile. Tá na rialacháin ann chun úsáid pacáistithe bia a rialú a bhaineann le gach ábhar agus tá dlíthe sonracha ann chomh maith maidir le hábhair aonair amhail plaistic. Is í is aidhm leis na rialacháin sin an riosca go bhféadfadh pacáistiú bia substaintí dochracha a scaoileadh isteach i mbia a laghdú. Thosaigh cigireachtaí ar na háitribh sin arna ndéanamh ag Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann le linn 2012 agus léiríodh an gá le feabhas a chur ar chomhlíonadh cheanglais na reachtaíochta sainiúla maidir le hábhair theagmhála bia a sholáthar.

Cuireann an tÚdarás seirbhís ar fáil chomh maith d'oibreoirí gnólachtaí bia maidir le deimhnithe onnmhairiúcháin i gcomhair ábhair theagmhála bia agus in 2012, eisíodh dhá dheimhniú.



BAINISTIÚ TEAGMHAS

Is é an tÚdarás an lárphointe náisiúnta rialaithe i gcomhair faisnéise agus cumarsáide a bhaineann le teagmhais agus rabhaidh bhia agus cuireann sé seirbhís éigeandála ar fáil de lá is d'óiche seacht lá na seachtaine. Is é an tÚdarás pointe teagmhála na hÉireann freisin don Chóras Mear-Rabhaidh Eorpach um Bia don Duine agus d'Ainmhithe.

TEAGMHAIS BHIA


D'fhéadfadh teagmhas bia teacht chun cinn as fadhb a aithníonn gnólacht bia, gníomhaireacht oifigiúil agus í i mbun rialuithe oifigiúla, nó as faisnéis a fhaightear ó thíortha eile, de ghnáth tríd an gCóras Mear-Rabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe.

In 2012, dhéileáil an tÚdarás le 404 teagmhas bia, figiúr a bhí an-chosúil le figiúr 2011 (396). Rinneadh na teagmhais a chatagóiriú mar theagmhais bhia iomlána, mion-teagmhais bhia agus gearáin trastíre maidir le bia. Sainaitníodh 405 guais i 395 teagmhas bia agus bhí níos mó ná guais amháin i gceist le cúig theagmhas. I gcás dhá theagmhas a bhain le hailléirginí, sainaitníodh guaiseanna maidir le ceithre hailléirgin éagsúla i ngach ceann.

Rinne an tÚdarás iniúchadh ar 162 teagmhas bia iomlán in 2012, méadú beag de 6 (4%), i gcomparáid le 2011. Is guaiseacha ceimiceacha is mó a sainaitníodh (44); ansin guaiseacha micribhitheolaíocha (42); guaiseanna eile (24); ailléirginí (20) agus; guaiseacha bitheolaíocha eile lena n-áirítear miceatocsainí (17). Bhí an chuid is mó de na 44 guais cheimiceach mar thoradh ar aistriú (15); comhdhéanamh/breiseáin (11) agus lotnaidicídí/iarmhair cógais tréidliachta (11).

Rinne an tÚdarás imscrúdú ar 167 mion-teagmhas san iomlán in 2012. Laghdú beag de 3 (2%) ba ea é seo, i gcomparáid le 2011. Ina theannta sin, rinne an tÚdarás 75 gearáin trastíre ar bia a láimhseáil i gcomparáid le 79 in 2011. Bhí 35 tír thionscnaimh i gceist le bianna a bhain leis na 395 teagmhas agus bhí 11 díobh sin as Ballstáit an Aontais Eorpaigh. Ba í Poblacht na hÉireann an tír thionscnaimh i 37% (147) de na teagmhais, ansin an Ríocht Aontaithe 15.4% (61), Tuaisceart Éireann 6.1% (24), an tSín 4.6% (18) agus an Pholainn 3.8% (15).

CATAGÓIRIÚ GUAISE NA DTEAGMHAS
IOMLÁN BIA IN 2012 (162 SAN IOMLÁN)



● Ailléirgin	20
● Ceimiceach	44
● Ábhar Coimhthíoch	11
● Lipéadú	4
● Micribhitheolaíoch	42
● Eile	24
● Guaiseanna bitheolaíocha eile	17

LÍON NA DTEAGMHAS BIA, 2008-2012

BLIAIN	TEAGMHAIS IOMLÁNA	MION-TEAGMHAIS	FOGRAÍ TIONSCAIL*	GEARÁIN TRASTÍRE	IOMLÁN
2012	162	167	–	75	404
2011	147	170	–	79	396
2010	129	165	1	60	355
2009	98	120	15	64	297
2008	90	115	18	68	291

* Fógraí ón tionscal cuimsithe anois mar theagmhais iomlána nó mar mhion-teagmhais

RABHAIDH NÁISIÚNTA BIA

D'eisigh an tÚdarás 21 rabhadh bia le linn 2012 a bhain le 18 dteagmhas. Ba rabhaidh i gCatagóir 1 le haghaidh gnímh a bhí i gceithre cinn díobh agus catagóiríodh 17 díobh mar rabhaidh le haghaidh faisnéise. Bhain naoi gcinn díobh le milleadh micribhitheolaíochta nó láithreacha fhéideartha orgánach pataigineach. Bhain na rabhaidh eile le hábhair choimhthíocha nó miotail throma (5); míceatocsainí (2); lipéadú míchrúinn nó earráidí próiseála (3) agus forbhanna ina raibh comhábhair mhídhleathacha (2). Foilsíodh na rabhaidh bhia ar fad ar láithreán Gréasáin an Údaráis, agus eisíodh teachtaireachtaí téacs agus fógraí ríomhphoist do shíntiúsóirí.

Ina theannta sin, d'fhoilsigh an tÚdarás 14 rabhadh maidir le hailléirgin bhia in 2012, laghdú 30% (6) i gcomparáid le 2011. Bhain deich gcinn díobh sin le hailléirginí nár dearbhaíodh ar an lipéadú agus bhain 4 cinn díobh le lipéadú neamh-chomhsheasmhach. Dearbhaíodh ar an lipéad ar cheann amháin de na táirgí sin go raibh sé saor ó ghlútan, agus dearbhaíodh ar cheann eile go raibh sé saor ó uibheacha, ach nuair a rinneadh anailís orthu fuarthas go raibh na hailléirginí iontu. Ní dhéantar rabhaidh ailléirginí bia a chatagóiriú. Eisíodh teachtaireachtaí téacs agus fógraí ríomhphoist do shíntiúsóirí ar líne agus cuireadh Anaifíolacsas Éireann ar an eolas freisin.

404

Láimhseáil an tÚdarás 404 teagmhas bia in 2012.

AN CÓRAS MEAR-RABHAIDH UM BIA DON DUINE AGUS D'AINMHITHE

Córas fógartha is ea an Córas Mear-Rabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe faoi bhainistíocht an Choimisiúin Eorpaigh chun faisnéis a mhalartú idir baill an líonra lena n-áirítear na Ballstáit, an Coimisiún Eorpach agus an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia faoi ghuaiseacha a shainaithnítear i mbia agus i mbeatha agus in ábhair theagmhála bia.

In 2012, seoladh 3,516 bunfhógra ar an iomlán tríd an gcóras, agus catagóiríodh 547 díobh mar rabhadh; 521 díobh mar fhaisnéis le leanúint suas; 705 mar fhaisnéis arbh fhiú aird a thabhairt uirthi agus 1,743 mar fhógraí diúltaithe ag an teorainn. Tháinig 5,281 fógra leantach i ndiaidh na bhfógraí tosaigh sin, ina léiríodh ar an meán thart ar 1.5 cás leantach in aghaidh an fhógra tosaigh. Ina theannta sin, scaipeadh 19 mír nuachta agus 83 mír leantach lena mbaineann. Léirítear méadú 7.8% sna bunfhógraí sna figiúirí seo.

D'eisigh an tÚdarás 53 ceann de na 3,516 bunfhógra faoin gcóras maidir le bia agus ábhair theagmhála bia a dáileadh go hÉirinn nó as Éirinn. Is é sin méadú 7 bhfógra, i gcomparáid le 2011. Ba í Éire tír thionscnaimh na dtáirgí i gcás 18 de na fógraí a eisíodh tríd an gcóras in 2012, méadú seacht i gcomparáid le 2011.

MEASÚNÚ RIOSCA

Mar ghné rialta de bhainistiú teagmhas ó lá go lá, soláthraíonn an tÚdarás measúnú riosca ar na guaiseacha aitheanta a fhaightear i mbia. Tacaíonn sé sin le gníomhaíochtaí rialaithe bia lena chinntiú go mbíonn gníomhaíochtaí bunaithe ar an eolaíocht. In 2012, rinneadh thart ar 100 measúnú den sórt sin ar ghuaiseacha ceimiceacha i mbianna, amhail iarmhair drugaí tréidliachta; ábhair shalaithe cheimiceacha; láithreacha breiseáin bia os cionn na n-uasleibhéal agus aistriú leibhéal iomarcacha de chomhábhair ábhair theagmhála bia. Rinneadh measúnú riosca maidir le sábháilteacht liamhás níotráit-laghdaíthe don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Ina theannta sin, rinne an tÚdarás athbhreithniú ar mheasúnuithe riosca maidir le sárúithe uasteorainneacha iarmhar le haghaidh iarmhair lotnaidicídí a shainaithin Seirbhís Rialaithe Lotnaidicídí na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara.



D'fhreastail an tÚdarás ar roinnt taispeántas agus imeachtaí amhail: Fóram Bia Chorcaí agus Chiarraí; an Taispeántas Fáilteachais; Féile Fómhair Phort Láirge; 'Taking Care of Business'; Sárthaispeánt na Mí agus an Taispeántas 'Who to Talk to' inar cuireadh deiseanna luachmhara ar fáil chun buaileadh go díreach le daoine atá ag smaoineadh ar ghnólacht bia úr a chur ar bun nó leo siúd a bhfuil gnólacht beag bia acu nó a oibríonn i ghnólacht beag bia. Fuair cuairteoirí ar sheastáin faisnéise an Údarás ag na himeachtaí sin rochtain ar chomhairle maidir leis na ceanglais rialála do ghnólachtaí bia, amhail lipéadú bia; oiliúint ar shábháilteacht bia; reachtaíocht um shábháilteacht bia; inrianaitheacht agus dea-chleachtais um shábháilteacht bia.

Sa phictiúr ag an Taispeántas Fáilteachais bhí (c-d): An tUasal Eibhlin O'Leary, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus an tUasal Ruth Conefrey, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

RÁIGEANNA DE GHALAR BIA-IOMPARTHA

Nuair a tharlaíonn ráig agus nuair a mheastar gur galar bia-iompartha é, oibríonn an tÚdarás i ndlúth-chomhpháirtíocht leis na gníomhaireachtaí oifigiúla agus le Lárionad Faire um Chosaint Sláinte Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an ghníomhaireacht atá bainteach le faireachas agus iniúchadh eipidéimeolaíoch a dhéanamh ar ghalar ionfhabhtaíocha.

Léirítear i sonraí sealadacha, gur tuairiscíodh 14 ráig tinnis in 2012 don Lárionad Faire um Chosaint Sláinte agus ceapadh gur tharla siad de bharr bia. Ba iad na ráigeanna sin ionfhabhtú *Escherichia coli* véaraicíteatocsaigineach (5); salmanallóis (4); gaistreintríteas géar-ionfhabhtaíoch (2); campalabaictéaróis (1); galar noravíris (1) agus tíofóideach (1). Bualadh tinn 138 duine agus cuireadh triúr san ospidéal.

Maidir le ráig amháin den sórt sin, bhí ceithre chás de ghalar *Salmonella* Newport ann agus ceapadh gurb é mealbhacán uisce ba chúis leis. D'fhéadfadh sé go raibh baint ag an ráig leis an straidhn chéanna *Salmonella* Newport a tuairiscíodh sa Ríocht Aontaithe agus sa Ghearmáin.

CLEACHTADH IONSAMHLÚCHÁIN UM RIALÚ RÁIGEANNA

Mar fhreagairt ar an mbagairt fhéideartha um ráigeanna tinneas bia-iompartha, tá prótacal i bhfeidhm a úsáideann an tÚdarás agus na gníomhaireachtaí oifigiúla atá freagrach as rialú oifigiúil bia agus sláinte phoiblí chun ráigeanna tinneas bia-iompartha dá leithéid a bhainistiú. Tá sonraí sa phrótacal sin maidir leis an gcomhfhreagairt ghníomhaireachta sa chás go dtarlódh teagmhas dá leithéid. Chun éifeachtacht an phrótacail sin a imscrúdú, chomhordaigh an tÚdarás agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cleachtadh ionsamhlúcháin um rialú ráigeanna chun tástáil a dhéanamh ar an dóigh a bhfreagródh an fhoireann sna gníomhaireachtaí rialaithe bia agus sláinte poiblí sa chás go dtarlódh mór-ráig bhia-nimhithe sa tír seo.

TASCFHÓRSA UM CHALAOIS BIA

Déantar calaois bia nuair a chuirtear bia ar an margadh d'aon ghnó chun an custaiméir a mhealladh, chun airgead a tháirgeadh de ghnáth. Cé nach bhfuil calaois bia forleathan in Éirinn, tharla cásanna inar mealladh tomhaltóirí le cúpla bliain anuas a bhain le lipéadú mícheart ar fheoil iompórtáilte, mil de ghrád íseal a chur in aonad brandaí níos costasaí agus éisc fheirme a lipéadú mar speicis fhiáine ghafa. Chun na críche sin, bhunaigh an tÚdarás Tascfhórsa um Chalaois Bia ina gcuimsítear daoine aonair ag a bhfuil taithí ó réimsí éagsúla forfheidhmiúcháin an Stáit a oibreoidh le chéile chun faisnéis agus taighde a chomhroinnt maidir le calaois bia, agus a chuideoidh le feabhas a chur ar ár n-ábaltacht coireacht maidir le bia a bhrath agus a láimhseáil. Cuimsítear ionadaithe sa Tascfhórsa ó roinnt gníomhaireachtaí forfheidhmiúcháin, is iad sin: An Garda Síochána; Seirbhís Custaim agus Máil na gCoimisinéirí Ioncaim; an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; an Ghníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeán Bia; Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; Bord Leigheasra na hÉireann, na húdaráis áitiúla agus an tÚdarás um Chosaint lascaigh Mhara.

Is í an eolaíocht atá mar bhunús ag measúnaithe riosca óna ndíorthaítear beartais nó cinntí bainistíochta riosca. Ní hamháin go bhfuil ardleibhéal saineolais eolaíochta ag foireann an Údaráis ach tá ról tábhachtach ag a Choiste Eolaíoch agus a Fhochoistí maidir le comhairle eolaíochta a chur ar fáil. Cuireann sé comhairle eolaíoch ar fáil don Bhord i dtír réimse, is iad sin: ceisteanna eolaíoch agus teicniúla a bhaineann le sábháilteacht agus sláinteachas bia; cur i bhfeidhm agus riar na seirbhíse cigireachta bia; agus an luach cothaithe nó ábhar bia.

Le linn 2102, forbraíodh cláir oibre agus téarmaí tagartha do na trí Fhochoiste a bhreathnaíonn ar na réimsí um shábháilteacht bhitheolaíoch; sábháilteacht cheimiceach; cothú an tsláinte poiblí. Tionóladh cruinnithe le linn na bliana chun tuairimí sainiúla a chur chun cinn agus foilsíodh miontuairiscí na gcruinnithe sin ar láithreán Gréasáin an Údaráis. Rinne an Coiste Eolaíoch tuarascálacha maidir le moltaí le haghaidh treoirlínte itheacháin shláintiúil in Éirinn agus moltaí maidir le beartas náisiúnta um itheachán naíonán.

Cuireadh tús le hobair ar thuarascálacha comhoibritheacha maidir leis an dé-ocsain sa ghéarcheim mhuiceola; dé-ocsainí agus éillíú lasairmhoillitheach éisc agus sliogéisc na hÉireann; speiceasú arsanaice in éisc na hÉireann agus próifíilí aigéid shailleacha na mbradán feirme agus fiáin, agus foilseofar iad sin in 2013.

CLÁR RIALAITHE CAMPALABAICTÉIR

Tá leitheadúlacht an-ard *Campalabaictéir* in Éirinn ina tréada gríosacháin agus mar thoradh air sin, tá ardleibhéal éillithe feoil éineola ar dhíol miondíola ann. Ní bhíonn sicíní tinn de bharr *Campalabaictéir*, ach is é an chúis bhaictéarach is mó in Éirinn le tinneas bia-iompartha. Lena chois sin, ní raibh éifeacht ar bith ag na bearta trínar éirigh leo le *Salmonella* in éineoil a rialú ar *Champalabaictéar*. In 2012, bhunaigh an tÚdarás Grúpa Stiúrtha um Rialú *Campalabaictéir* agus ba é an aidhm leis na moltaí i dtuarascáil bhliantúil a Choiste Eolaíoch ina ndéantar breac-chuntas ar chlár rialaithe eolaíocht-bhunaithe maidir le *Campalabaictéar* i bhfeoil éineola a chur chun cinn. Cuimsítear an tÚdarás, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Bord Bia; *biaslán*; Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann; próiseálaithe agus miondíoltóirí éineola sa Ghrúpa Stiúrtha.



D'óstáil an tÚdarás seimineár do ghairmithe cúram sláinte agus do thionscal an bhia atá ag obair sa réimse sláinte máthartha agus naíonán ina ndearnadh scrúdú ar na príomhcheisteanna cothúcháin a bhaineann le naíonán in Éirinn. Cuireadh an fhianaise a chuireann taca faoin gcleachtas is fearr i gcomhair cothú naíonán in Éirinn i láthair sa seimineár. Lena chois sin, soláthraíodh faisnéis phraiticiúil ar aiste bia agus stíl mhaireachtála máthartha; cothú cíche; ullmhú slán bainne foirmle do naíonán agus naíonán a bhaint den chóch go dtí bia soladach. Lainseáil an tÚdarás a thuarascáil: *Moltaí Eolaíochta maidir le Beartas Náisiúnta um Chothú Naíonán in Éirinn agus an Cleachtas is Fearr maidir le Cothú Naíonán* - treoir úr do ghairmithe cúram leanaí ina ndéantar breac-chuntas ar an bpraiticiúlacht a bhaineann leis na treoirlínte um chothú naíonán is fearr a chur i bhfeidhm.

Sa phictiúr ag an seimineár tá (c-d): An tUasal Roberta McCarthy, an tOspidéal Náisiúnta Máithreachais, Sráid Holtes; an tOllamh Mary Flynn, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus an tUasal Anne Marie Bennet, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.

In 2012, d'éirigh le cuibhreas taighde, lena n-áirítear an tÚdarás, cistiú a fháil chun bearnaí eolais agus sonraí a sainathnódh i dtuarascáil an Choiste Eolaíoch 2011 a phlé. Le linn na bliana, phléigh an Grúpa Stiúrtha gnéithe den chlár a moladh agus chuidigh cur i láthair ó thaighdeoirí ón Ríocht Aontaithe le faisnéis a chur ar fáil maidir le forbairtí úra. D'eagraigh Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann oiliúint bhithshlándála d'fheirmeoirí éineola agus tá sé beartaithe go bhforbrófar air sin in 2013 trí oiliúint a eagrú ina dtabharfar gnéithe bithshlándála chaighdeán dearbhairte cáilíochta an Bhoird Bhia chun suntas, mar aon leis na moltaí breise ó thuarascáil Choiste Eolaíoch an Údaráis.

COTHÚ NA SLÁINTE POIBLÍ

Tugann an tÚdarás comhairle don Rialtas maidir le saincheisteanna um shábháilteacht bia agus um chothú agus lainseáil sé tuarascáil eolaíochta maidir le bia sláintiúil in 2012. I gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, bia sábháilte agus an Roinn Sláinte d'fhoilsigh an tÚdarás treoir do ghairmithe sláinte chun bia slán agus maireachtáil ghníomhach a chur chun cinn i measc dhaonra na hÉireann.

Tá cothú naíonán ina cheist thábhachtach fosta chun an tús is fearr sa saol a thabhairt do leanaí in Éirinn. In 2012, d'fhoilsigh an Coiste Eolaíoch a thuarascáil ar chothú naíonán mar aon le leabhrán treoirlínte chun léirmhíniú praiticiúil a chur ar fáil maidir leis an gcomhairle eolaíochta.

In 2012, ghlac an tÚdarás páirt i ngrúpa stiúrtha a bhunaigh an Institiúid um Shláinte Phoiblí chun measúnú tionchair sláinte a dhéanamh ar dheochanna milsithe le siúcra, ar iarratas ón Aire Sláinte. Chuir an tÚdarás leis an bpróiseas trí pháipéir ábhartha a thabhairt chun suntais le haghaidh an athbhreithnithe litríochta; athbhreithniú agus tráchtanna a dhéanamh ar na páipéir eolaíochta a úsáideadh le haghaidh an athbhreithnithe litríochta; crític chuiditheach ar an gcleachtadh samhaltithe a chur ar fáil agus; rannán dréachtchoclúidí a fhorbairt lena athbhreithniú ag an ngrúpa. Ar deireadh, ba í an chomhairle a thug an tÚdarás don ghrúpa stiúrtha gan an tionscnamh a chur chun cinn toisc go raibh an eolaíocht meabhraitheach, ar an gcuid is fearr de, ach nach raibh sí conclúideach.

AN CLÁR UM CHALRAÍ AR BHIACHLÁIR

Tá an dara ráta is airde san Eoraip in Éirinn ó thaobh murtaill de agus léirítear i dtaighde go gcuidíonn sé le tomhaltóirí roghanna níos sláintiúla agus níos feasaí a dhéanamh faoi cad a itheann siad má thaispeántar calraí ar bhiachláir, agus ag an am céanna go spreagann sé iad chun sciartha níos lú a ithe. Ar iarratas ón Aire Sláinte, rinne an tÚdarás comhairliúchán náisiúnta in 2012, chun tuairimí a iarraidh maidir leis an dóigh is fearr le faisnéis ar chalraí a chur ar bhiachláir in Éirinn. Iarradh tuairimí sa chomhairliúchán maidir le lipéadú calraí ar bhiachláir agus fuarthas os cionn 3,300 aighneacht ó thomhaltóirí, ó ghnólachtaí gnó, ó ghairmithe sláinte agus ó dhaoine eile a raibh suim acu sa scéal. Bhí beagnach 80% de na freagairtí (os cionn 2,600) ó thomhaltóirí. D'fhoilsigh an tÚdarás tuarascáil inar moladh scéim um lipéadú calraí ar bhiachláir a thabhairt isteach do ghnólachtaí sa tseirbhís bia. Moladh sa tuarascáil fosta gur cheart an scéim a oibriú ar bhonn deonach ar dtús chun tréimhse ama a thabhairt d'fhonn córas a fhorbairt, lena n-áirítear uirlisí teicniúla, le tacú le hearnáil na seirbhíse bia. Foilsíodh dhá dhoiciméad theicniúla ina gcuirtear síos ar an gcleachtas is fearr don tionscal.



D'óstáil an tÚdarás agus an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia comhchomhdháil idirnáisiúnta chun ceiliúradh 10 mbliana an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia a cheiliúradh. Tugadh ionadaithe rialála agus parlaiminte an AE le chéile sa chomhdháil, mar aon le páirtithe leasmhara i dtionscal an bhia, chun an staid reatha maidir le sábháilteacht bia san Eoraip a phlé agus chun rioscaí agus bagairtí atá ag teacht chun cinn a scrúdú. Chuala toscairí faoin dóigh a bhfuil comhoibriú níos fearr idir Ballstáit an AE sa réimse um rialú agus forfheidhmiú bia ag cur taca faoi na hiarrachtaí lena chinntiú go bhfuil an bia a tháirgtear agus a itear san Eoraip ar na caighdeáin is airde maidir le sábháilteacht agus sláinteachas bia. Tá dlúthchomhoibriú agus comhordú gníomhaíochtaí ríthábhachtach maidir le sábháilteacht bhiashlabhra na hEorpa a chinntiú. Bhí sé sin i gcróilár mhisean an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia, a chuireann na caighdeáin is airde is féidir ar fáil maidir le comhairle eolaíochta neamhspleách agus measúnuithe riosca.

Sa phictiúr ag an gcomhdháil tá (c-d): An tOllamh Alan Reilly, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann; an tUasal atherine Geslain-Lanéelle, an tÚdarás Eorpach um Shábháilteachta Bhia agus Simon Coveney, T.D., an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara.

I ndiaidh an chomhairliúcháin, chuir an tÚdarás tús le roinnt tionscnamh. Tionóladh cruinnithe le tionscal an bhia chun an clár agus an dóigh is fearr lena chur i bhfeidhm a phlé. Cuireadh tús le forbairt áireamhain ar líne chun cuidiú le chefanna na calraí ina miasa a ríomh agus lainseálfar é sin in 2013. Rinne an tÚdarás idirchaidreamh le hinstiúidí tríú leibhéal chun plean a chomhaontú maidir le hoiliúint a chur ar chefanna a éascóidh tuiscint ar an bpraiticiúlacht a bhaineann le lipéadú calraí ar bhiachláir. Ar deireadh, chun glacadh an chláir um lipéadú calraí ar bhiachláir go dtí seo a mheasúnú, cuireadh tús le suirbhé gutháin agus clár um measúnú iniúchta. Cuirfear na torthaí ar aghaidh chuig an Aire Sláinte in 2013.

AN CLÁR UM MAOLÚ AR SHALANN

Le linn 2012, leanadh den chlár um maolú ar shalann trí os cionn 120 táirge a shampláil agus a thástáil. Déanfar torthaí suas chun dáta chlár monatóireachta um maolú ar shalann an Údaráis ó mhí Mheán Fómhair 2003 go dtí mí na Nollag 2012 a fhoilsiú i dtús 2013. Cuireadh tús le plé tosaigh idir an tÚdarás agus ionadaithe an tionscail faoi thodhchaí an chláir um maolú ar shalann agus tá seimineár beartaithe le haghaidh 2013 chun na saincheisteanna sin a phlé.

RANNPHÁIRTÍOCHT EOLAÍOCHTA AR SHAINGHRÚPAÍ OIBRE

Ceann de na feidhmeanna atá ag an Údarás ná comhairle a chur ar Airí maidir le gnéithe teicniúla agus eolaíoch na mbeartas agus rialachán sábháilteachta bia. Rinne foireann an Údaráis ionadaíocht thar ceann na hÉireann ar roinnt sainghrúpaí oibre nó sainchoistí ar leibhéal idirnáisiúnta laistigh den Choimisiún Eorpach agus den Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia. Bhí an fhoireann rannpháirteach freisin i ngrúpaí oibre comhairleacha nó i gcoistí comhairleacha de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte; na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta; Codex Alimentarius; agus na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt san Eoraip.

I roinnt cásanna, tá an rannpháirtíocht mar thaca leis an Roinn Sláinte agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Cuireann na cruinnithe seo ar chumas an Údaráis faisnéis suas chun dáta a bhailiú maidir le forbairt rialachán agus caighdeán, cur leis an bhforbairt sin, agus a oibleagáidí náisiúnta a chomhlíonadh.

TACAÍOCHT EOLAÍOCH DO RANNA RIALTAIS

Cuireann an tÚdarás ionchur rialta ar fáil d'obair na Roinne Sláinte agus na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara. Le linn 2012, bhí ionchur á fháil trí chomhairle maidir le dréacht-reachtaíocht; cuireadh ábhar ar fáil chun freagairt a ullmhú ar shaincheisteanna parlaiminte; comhairle eolaíochta ar shaincheisteanna éagsúla, amhail an togra maidir le cáin ar dheochanna mílsithe le siúcra; lipéadú soilse tráchta; an cód fógraíochta do leanaí agus an beartas um aigéad fólach mar fhorbia. Tá an tÚdarás ina chomhalta fós ar an gCoiste Comhardaithe um Práinnfhreagairt mar chuid den Phlean Éigeandála Náisiúnta i leith Taismí Núicléacha agus ar an gComhlacht Saineolaithe Éireann um Fhluaírdí agus Sláinte, agus tá foireann aige i gCoistí Eolaíochta *biashláin*; sa Lárionad Faire um Chosaint Sláinte agus i mBord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú.

COMHOIBRÍÚ EOLAÍOCH LEIS AN ÚDARÁS EORPACH UM SHÁBHÁILTEACHT BHIA

Is é an tÚdarás ionadaí na hÉireann ar Fhóram Comhairleach an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia. Tugtar ionadaithe le chéile san Fhóram Comhairleach seo ó údaráis náisiúnta um shábháilteacht bia 27 Ballstát an AE, na hÍoslainne agus na hIorua, mar aon le breathnóirí ón Eilvéis agus ón gCoimisiún Eorpach. Tríd an bhFóram, comhoibríonn an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia agus na Ballstáit le chéile chun

aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna measúnaithe riosca agus cumarsáide riosca san Eoraip. Úsáideann na comhaltaí an Fóram chun comhairle a thabhairt don Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia faoi ábhair eolaíochta, faoina chlár oibre agus a thosaíochtaí agus chun aghaidh a thabhairt a luaithe agus is féidir ar cheisteanna a bhaineann le rioscaí atá ag teacht chun cinn. Tá comhaltaí ag cur straitéisí i bhfeidhm faoi láthair chun líonrú níos fearr a dhéanamh ina ndírítear ar fhaisnéis eolaíoch a roinnt, acmhainní a chomhthiomsú agus clár oibre a chomhordú. Tá siad tiomanta don méid seo a leanas: sonraí eolaíochta a mhalartú, gníomhaíochtaí agus teachtaireachtaí cumarsáide riosca a chomhordú; aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna conspóideacha agus tuairimí a nochtadh; grúpaí oibre a bhunú chun díriú ar bhonn comhchoiteann ar shaincheisteanna sonracha agus; obair a chomhordú d'fhonn dúbailt oibre a sheachaint. Cuidíonn an Fóram chomh maith le húdaráis náisiúnta le faisnéis a chomhroinnt agus gníomhaíochtaí a chomhordú eatarthu féin.

Ghlac baill foirne an Údaráis páirt i ngrúpaí oibre, i bhfóraim agus i bpainéil éagsúla de chuid an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia i rith 2012, ag cur ionchuir ar fáil i réimsí tábhachtacha gníomhaíochta amhail; measúnú riosca; rioscaí atá ag teacht chun cinn; zónóisí, nanaitheicneolaíocht; caitheamh bia agus ábhair shalaithe bia.

I measc réimse eile i gcomhoibriú an Údaráis leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia le linn 2012 bhí an cuidiú le scéimeanna caighdeánacha a fhorbairt maidir le sonraí a bhailiú agus a thuairisciú dó. Chuir an tÚdarás tasc maoinithe i gcrích trí leagan imdehalaithe den Suirbhé Náisiúnta um Chaitheamh Bia Aosach a chur ar fáil i bhformáid a chuir ar chumas an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia an fhaisnéis a chuimsiú ina bhunachar sonraí comhdhlúite Eorpach um chaitheamh bia. Tríd sin cinnteofar go gcuirtear nósanna itheacháin na hÉireann san áireamh i measúnuithe nocht a dhéanann an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia.

Chomh maith leis an gcomhoibriú eolaíoch a rinne sé leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia, lean an tÚdarás de pháirt a ghlacadh i nGrúpa Oibre Cumarsáide a Fhóraim Chomhairligh. Bíonn an Grúpa Oibre seo ag obair le ranna cumarsáide na ngníomhaireachtaí sábháilteachta bia náisiúnta le cur chuige níos comhoibrithí agus níos feasaí a fhorbairt i leith rioscaí sa bhiashlabhra a chur in iúl agus lena chinntiú go mbíonn na teachtaireachtaí maidir le sábháilteacht bia comhsheasmhach ar fud an Chomhphobail. Feidhmíonn an tÚdarás mar Lárphointe náisiúnta freisin, chun éascú a dhéanamh ar chomhoibriú agus ar chomhroinnt faisnéise idir an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia agus gach gníomhaireacht sábháilteachta bia san Aontas Eorpach.

SEIRBHÍSÍ FAISNÉISE

Tá ról lárnach ag Líne Chomhairle an Údaráis, ag an láithreán Gréasáin, ag an eislfón, leathanaigh na meán sóisialta agus ag an Ionad Faisnéise ó thaobh an mhalartaithe faisnéise seo a éascú, agus an fhaisnéis is déanaí a sholáthar faoi réimse leathan saincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht bia.



Tá an Líne Chomhairle ar fáil do gach páirtí leasmhara agus feidhmítear í ón Luan go dtí an Aoine, 9am-5pm. Bliain i ndiaidh bliana, tá méadú tagtha ar na hiarratais ar an Líne Chomhairle, agus láimhseáladh os cionn 12,000 fiosrú in 2012. Astu sin, fuarthas 60% tríd an nguthán agus 30% trí ríomhphoist. Tháinig an 10% eile ó chuiditheoirí den chuid is mó ar oifig an Údaráis agus ar sheastáin faisnéise ag taispeántais éagsúla ar fud an tíre ar fhreastail an tÚdarás orthu. Tháinig beagnach 50% de na fiosruithe a fuarthas ó thionscal an bhia (lena n-áirítear lónadóirí, miondíoltóirí, déantóirí, dáileoirí, srl.), agus tháinig 26% díobh ó thomhaltóirí. Fuarthas iarratais ar fhaisnéis chomh maith ó oifigigh forfheidhmiúcháin (7%), ó mhúinteoirí/léachtóirí (6%), ó ghairmithe sláinte (3%), chomh maith le ranna Rialtais, gníomhaireachtaí Stáit agus soláthraithe seirbhísí dlíthiúla.

Bhí mórleamh ar iarratais ar fhaisnéis maidir le gnólacht bia úr a chur ar bun in 2012, agus bhí faisnéis á lorg ar an reachtaíocht a bhaineann le gnólachtaí bia; conas gnólacht gnó a chlárú; an treamh a theastaíonn; leagan amach áitribh agus gnólacht bia taistil nó stalla bia a fheidhmiú. Ba ionann ceisteanna maidir le reachtaíocht um lipéadú agus beagnach 10% de na fiosruithe ar fad agus áiríodh leo sin iarratais ar fhaisnéis ar an reachtaíocht úr maidir le faisnéis bia do thomhaltóirí, mar aon le ceanglais reachtaíochta maidir le lipéadú ginearálta agus lipéadú a bhaineann le táirgí.

12,000

Láimhseáladh os cionn 12,000 fiosrú ar Líne Chomhairle an Údaráis in 2012, 50% díobh a tháinig ó thionscal an bhia.

LÍON IOMLÁN NA NIARRATAS, 2008-2012




NA DEICH DTOPAIC IS MÓ A NDEARNADH IARRATAS ORTHU IN 2012

Inquiries on Food Safety	3,892	Food Safety	548
Food Safety	2,530	Food Safety	474
Business at the Base	1,230	Food Safety	468
Licensing	1,018	Other	391
Other	568	Food Safety	219

Baineann thart ar 20% de na fiosruithe a fuair an Líne Chomhairle le gearáin faoi bhíanna nó faoi áitreabh bia. In 2012, déileáladh le os cionn 2,500 gearán dá leithéidí agus cuireadh ar aghaidh iad chuid oifigigh sláinte chomhshaoil lena n-imscrúdú. Bhain na gearáin a fuarthas le: bia neamhoiriúnach (m.sh. ábhar coimhthíoch ann amhail gloine, gruaig, feithid srl.) (36%); bia-nimhiú amhrasta (18%); droch-chaighdeán sláinteachais (salachar le feiceáil ar dhromchlaí, láimhseáil neamhshábháilte bianna ag an bhfoireann, saoráidí leithris nach raibh sásúil, srl.) (18%) agus lipéadú (6%). Ar deireadh, gearáin ghinearálta a bhí i 20% de na gearáin (m.sh. ní raibh gearánaithe sásta le rialacha an AE) agus níor cuireadh ar aghaidh iad, nó ní raibh siad faoi shainchúram an Údaráis agus b'éigean iad a chur ar aghaidh chuig gníomhaireacht eile.

GEARÁIN MAIDIR LE BIA, 2012



● Bia Neamhoiriúnach	35%
● Eile	21%
● Bia-nimhiú Amhrasta	18%
● Caighdeán Sláinteachais	18%
● Lipéadú	6%
● Fógraíocht	2%

20%

Bhain thart ar 20% de na fiosruithe a fuarthas tríd an Líne Chomhairle le gearáin faoi bhia nó faoi áitreabh bia.

Tá an tÚdarás tiomanta d'fhorbairt leanúnach a láithreáin Ghréasáin, a eislín a inlín agus a leathanaigh meán sóisialta mar phríomhfhoinsí faisnéise dá fhoireann agus dá pháirtithe leasmhara. Tugadh 450,706 cuairt ar an láithreán Gréasáin in 2012, méadú os cionn 13% i comparáid le 2011. D'fhéach na cuairteoirí sin ar 1,596,940 leathanach san iomlán (méadú 7%) agus ba ionann líon na gcuariteanna a rinne siad agus 450,706 (méadú 13%). Ba iad na rannáin den láithreán Gréasáin ba mhó a bhí éileamh orthu na rannáin um acmhainní agus foilseacháin agus reachtaíocht. Go sonrach, áfach, leantar de leibhéal méadaithe suime a mhealladh sa rannán atá saincheaptha do ghnólachtaí bia. Thug cuairteoirí ó 208 tír cuairt ar an láithreán in 2012, 65% díobh ag teacht as Éirinn agus chor a bheith 10% díobh as an Ríocht Aontaithe. Cé go bhfuil méadú tagtha ar líon na gcuariteanna as Éirinn, tháinig méadú suntasach ar an tsuim ó thíortha thar lear, go háirithe SAM, ón India agus ón Astráil.

Bhí níos mó agus níos mó tóir ar leathanach Facebook, leathanach Twitter an Údaráis le linn na bliana mar aon lena chainéal YouTube. Is iad seo a leanas cuspóirí an Údaráis maidir leis na meáin shóisialta a úsáid mar uirlis chumarsáide: teacht ar lucht féachana níos leithne; idirghníomhú le páirtithe leasmhara agus ionchur a lorg uathu; a bheith forghníomhach; seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú; próifíl níos mó ar líne a fhorbairt; agus pobal a fhorbairt thart ar shábháilteacht bia.

Is uirlis chumarsáide idir an tÚdarás agus foireann na gníomhaireachtaí oifigiúla é an láithreán eislín Safety Net. Tríd an acmhainn ar líne seo is féidir doiciméid inmheánacha a roinnt amhail teagmhálacha, nósanna imeachta caighdeánacha oibriúcháin agus foilseacháin.

I rith 2012, lean leabharlann an Údaráis dá bailiúchán acmhainní leabhar, irisí agus bunachair shonraí ar líne a fhorbairt. Is acmhainn í an leabharlann go príomha d'fhoireann an Údaráis, ina gcuimsítear spás fisiceach ina bhfuil leabhair chlóite, irisí agus páipéir nuachta. Cuirtear iasachtaí idirleabharlainne ar fáil inti fosta mar aon le saoráid chuardaigh le haghaidh saintopaicé ar thaighde, saoráidí físchomhdhála agus spásanna staidéir. Is féidir le bailil foirne a oibríonn sna gníomhaireachtaí oifigiúla iasacht leabhar a fháil, leas a bhain as nuashonruithe irisí agus airteagail a iarraidh chomh maith.

Tá an leabharlann ar oscailte do bhaill an phobail áit inar féidir leo féachaint ar na leabhair agus na hirísí uile ar líne. a Le linn 2012, ghlac an leabharlann páirt i Seachtain Leabharlainne na hÉireann, sa chás gur óstáladh eachtra 'leabharlann daonna' inti. Dearadh an eachtra sin chun deis a thabhairt do ghnólachta beaga bia le buailteadh ar bhonn duine le duine le saineolaithe sábháilteachta bia a ghníomhaigh mar 'leabhair dhaonna' ag cur comhairle ar fáil ar fud raon réimsí um shábháilteacht bia.



D'fhoilsigh an tÚdarás a *Ráiteas Straitéise 2012-2015* ina leagtar amach tosaíochtaí soiléire trína leathnófar a aschuir, trína ndéanfar cosaint tomhaltóirí a fheabhsú maidir le bia agus trína dtabharfar tuilleadh tacaíochta maidir le cáil na hÉireann as na caighdeán is airde i sábháilteacht bia a bhaint amach a chosaint. Léirítear próiseas comhairleach sa straitéis ceithre bliana lena pháirtithe leasmhara agus tá clár uailmhianach ann maidir le gach cuspóir agus a thorthaí bainteacha agus ionchasacha a bhaint amach. Dírítear sa straitéis ar an Údarás ag leanúint ag coinneáil agus ag forbairt córas rialála a mbeidh muinín ag tomhaltóirí as, a mbeidh muinín ag earnáil an bhia as agus a gheobhaidh aitheantas sa bhaile agus thar lear mar chóras cothrom ina chuid gníomhartha a bhraitheann ar an eolaíocht is fearr agus ar mheasúnú láidir riosca.

Sa phictiúr ag lainseáil an fhoilseacháin tá (c-d): An Dr Eamonn Ryan, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus an tOllamh Alan Reilly, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

FOILSEACHÁIN

Áiríodh ar fhoilseacháin úra in 2012, iad go léir ar fáil ón láithreán Gréasáin: ráiteas straitéise 2012-2015; moltaí i gcomhair tuarascála náisiúnta um beartas cothaithe náionán; bileoga maidir le cosc a chur ar leathadh *E. coli* ar an bhfeirm agus i saoráidí cúram leanaí chomh maith; treoirlínte maidir le bia slán; roinnt iniúchtaí agus rialuithe oifigiúla agus bileog ar hipiríogaireacht bhia. Cuidíonn an *Paca um Lónadóireacht Shlán* le gnólachtaí bia lena gcóras bainistíochta um shábháilteacht bia a chur i bhfeidhm, agus rinneadh é a nuashonrú in 2012 agus cheannaigh gnólachtaí bia os cionn 1,300 díobh le linn na bliana. Foilsíodh sé heagrán den nuachtltir, *fsainews*. Ba ionann an dáileadh postais don nuachtltir agus thart ar 4,481 agus fuair os cionn 3,545 síntiúsóir an leagan ar líne den nuachtltir.

1,300+

Cheannaigh gnólachtaí bia os cionn 1,300 Paca um Lónadóireacht Shlán le linn na bliana.

CAIDREAMH LEIS NA MEÁIN

Aithníonn an tÚdarás an tábhacht a bhaineann le bheith rannpháirteach leis na meáin d'fhonn cumarsáid agus comhairle ar shábháilteacht bia a chur in iúl don earnáil bia níos leithne. Cuireann sé ar chumas an Údaráis chomh maith comhairle maidir le teagmhais bhia a chur ar fáil do thomhaltóirí trí raon chainéil éagsúla na meán atá ar fáil do dhaoine anois. Chun na críche sin, soláthraíonn an tÚdarás cumhdach 24/7 ina phreasoifig. In 2012, d'eisigh an tÚdarás 31 preaseisiúint chuig na meáin inar cumhdaíodh raon saincheisteanna amhail, Orduithe Forfheidhmiúcháin, iniúchtaí; suirbhéanna; faisnéis chothúcháin agus rabhaidh bhia. Dhéileáil sé chomh maith le fiosruithe ó na meáin maidir le raon leathan saincheisteanna ar shábháilteacht bia agus ar chothú a raibh líon mór d'airteagail nuachta phrionta agus ar líne, agus agallaimh raidió agus teilifíse mar thoradh orthu.

OILIÚINT

Is modh tábhachtach é an oiliúint chun teachtaireachtaí ar shábháilteacht bia a chur in iúl. Is é cuspóir an Údaráis maidir le hoiliúint ná oiliúint ábhartha a thabhairt d'fhoireann na ngníomhaireachtaí oifigiúla maidir le rialú bia d'fhonn gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a threisiú agus chun cuidiú le tionscal an bhia tuiscint a fháil ar na ceanglais dlí agus teicniúla a bhaineann le dlí an bhia agus an dlí sin a chomhlíonadh. In 2012, mar a rinneadh le blianta anuas, chuir an tÚdarás oiliúint ar fáil maidir le rialú bia d'fhoirne gníomhaireachtaí oifigiúla agus do dhaoine atá ag obair i dtionscal an bhia.

Tionóladh roinnt cúrsaí oiliúna maidir le córais um anailís ghuaise agus pointí rialúcháin criticiúla (AGPRC) don fhoireann sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, i Seirbhís Tréidliachta an Údaráis Áitiúil agus san Údarás um Chosaint lascaigh Mhara le linn na bliana. Tionóladh sraith ceardlann réigiúnach don fhoireann san Údarás um Chosaint lascaigh Mhara inar cumhdaíodh topaicí amhail lipéadú ar bhia mara, monatóireacht ar shliogéisc agus teagmhais bhia a láimhseáil. Sholáthar an tÚdarás ceardlann oiliúna don tSeirbhís Sláinte Chomhshaoil maidir le feidhmiú agus cigireacht dea-chleachtas déantúsaíochta in ionaid ina ndéantar, ina phacáiltear agus ina ndáiltear forbianna. Soláthraíodh oiliúint iniúchóireachta inmheánaí do Sheirbhís Tréidliachta an Údaráis Áitiúil ina ndéantar iniúchtaí traschontae i rith na bliana.

Tá ionadaithe ag an Údarás ar Shainghrúpa an AE um Oiliúint níos Fearr agus Bia níos Sábháilte agus déanann sé comhordú ar rannpháirtíocht fhoireann na gníomhaireachtaí oifigiúla sna cláir oiliúna a reáchtáilann an Coimisiún Eorpach. Le linn 2012, bhí foireann ó na gníomhaireachtaí oifigiúla páirteach i gcúrsaí oiliúna ar raon saincheisteanna a bhain le rialú bia amhail: iniúchóireacht, prionsabail maidir le hAnailís Ghuaise agus Phointí Rialúcháin Criticiúla; breiseáin bia; ábhair theagmhála bia; dlí maidir le beatha agus iarmhair táirgí leigheas tréidliachta.

Leanadh den chlár oiliúna dea-bhunaithe *'Food Safety and You'* atá dírithe ar bhainisteoirí nó ar oiliúnóirí atá ag obair i dtionscal an bhia, in 2012.

R-FHOGLAIM

Lainseáladh córas bainistíochta um fhoghlaim ar líne chun tacú le forbairt ghairmiúil foirne san Údarás agus sna gníomhaireachtaí oifigiúla. Cuireann sé acmhainní foghlama éagsúla ar fáil do dhaoine amhail cúrsaí r-fhoghlama, bileoga eolais, físeáin agus acmhainní digiteacha eile a fhorbrófar thar am de réir mar a eascraíonn na riachtanais oiliúna. Is féidir na hábhair ar líne a úsáid chun faisnéis suas chun dáta a fháil ar thopaic atá ábhartha do réimse oibre ar leith, topaic a cumhdaíodh ar oiliúint le déanaí a athnuachan, nó i roinnt cásanna, bonn eolais ábhair faoi leith a leathnú go díreach. Tá modúil oiliúna maidir le breiseáin agus blasóirí bia ar fáil agus déanfar tuilleadh cláir agus acmhainní oiliúna a fhorbairt amach anseo.

SEIMINEÁIR

D'óstáil an tÚdarás roinnt seimineár ar shábháilteacht bia ar fud na bliana maidir le saincheisteanna úra nó tráthúla. I gcomhpháirtíocht leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia, tionóladh an chomhdháil idirnáisiúnta chun ceiliúradh deich mbliana an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia a cheiliúradh. Tugadh ionadaithe rialála agus parlaiminte an AE le chéile san ócáid, mar aon le páirtithe leasmhara i dtionscal an bhia, chun an staid reatha maidir le sábháilteacht bia san Eoraip a phlé agus chun rioscaí agus bagairtí atá ag teacht chun cinn a scrúdú. Is iad seo a leanas cuid de na dúshláin go díreach atá le sárú ag Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia thar an gcéad deich mbliana eile: táirgí rialáilte a mheasúnú, cineálacha cur chuige um measúnú riosca a chomhchuihbhiú, neamhspleáchas a chomhairle eolaíche a chosaint agus comhoibriú le Ballstáit an AE a neartú.

D'fhreastail os cionn 100 ionadaí tionscail ar an seimineár maidir leis na hathruithe atá le teacht faoi rialacháin um faisnéis bia an AE. Leathnaítear an rialachán úr seo thar lipéadú bia chun gníomhaíochtaí a bhaineann le faisnéis bia a sholáthar do thomhaltóirí, lena n-áirítear trí mhargaíocht ar an idirlíon. Beidh iarmhairt shuntasach aige ar an dóigh a ndéanann gnólachtaí bia cumarsáid le tomhaltóirí. Baineann sé le gnólachtaí bia ag gach céim den bhiashlabhra agus pléitear ceisteanna ilchineálacha ann amhail clómhéid, lipéadú ailléirginí ar bhianna réamhphacáistithe, dearbhú cothaithe, lipéadú ar aghaidh an phacáiste agus lipéadú tionscnaimh. Tionóladh seimineár maidir le reachtaíocht ar bhlasóirí bia agus na rialuithe rialála ar úsáid blasóirí i mbia do ghnólachtaí gnó agus oifigigh forfheidhmiúcháin. Dhírigh cainteoirí ar thopaicí amhail reachtaíocht agus measúnú sábháilteachta, feidhmiú agus úsáid, lipéadú agus forfheidhmiú.

I seimineár do ghairmithe sláinte agus do thionscal an bhia atá ag obair sa réimse sláinte máthartha agus naíonán rinneadh scrúdú ar na príomhcheisteanna cothúcháin a bhaineann le naíonán in Éirinn. Tá sé aitheanta go forleathan go bhfuil an tréimhse ón nginiúint go dtí deireadh na chéad bliana den saol ina tréimhse ríthábhachtach maidir le forbairt agus gur féidir le héifeachtaí fadiarmhartacha ar shláinte sa luath-óige agus ar fud saol duine fhásta tarlú inti. Tá aiste bia ar cheann de na factóirí comhshaoil is tábhachtaí le linn na céime sin. Cuireadh an fhianaise a chuireann taca faoin gcleachtas is fearr i gcomhair cothú naíonán in Éirinn i láthair sa seimineár. Lena chois sin, soláthraíodh faisnéis phraiticiúil ar aiste bia agus stíl mhaireachtaí máthartha, cothú cíche, ullmhú slán bainne foirmle do naíonán agus naíonán a bhaint den chóch go dtí bia soladach.



D'fhoilsigh an tÚdarás tuarascáil: *Calraí ar Bhiachláir in Éirinn - Tuarascáil maidir le Comhairliúcháin Náisiúnta i ndiaidh comhairliúcháin phoiblí inar iarradh tuairimíú ar lipéadú calraí ar bhiachláir ó thomhaltóirí agus ó pháirtithe leasmhara. I dtorthaí na tuarascála léiríodh éileamh suntasach ó thomhaltóirí (96%) ar lipéadú calraí ar bhiachláir i ngach ionad bia nó i roinnt ionaid bia, agus dúirt 89% díobh gur cheart calraí a thaispeáint in aice le praghas an bhia agus na ndeochanna ar an mbiachlár. Bhí beagnach trí ghnólacht seirbhís bia (73%) as ceithre cinn i bhfabhar lipéadú calraí ar bhiachláir i ngach ionad bia nó i roinnt ionaid bia. Agus na gnéithe teicniúla maidir le scéim dá leithéid a chur i bhfeidhm á mbreathnú, áfach, thit líon na ngnólachtaí bia a bhí i bhfabhar lipéadú calraí ar bhiachláir go dtí díreach os cionn 50%. Moltar scéim um lipéadú calraí ar bhiachláir a thabhairt isteach do ghnólachtaí sa tseirbhís bia sa tuarascáil. Moltar inti fosta gur cheart an scéim a oibriú ar bhonn deonach ar dtús, chun tréimhse ama a thabhairt d'fhonn córas a fhorbairt, lena n-áirítear uirlisí teicniúla, le tacú le hearnáil na seirbhíse bia.*

Sa phictiúr ag lainseáil na tuarascála tá (c-d): An Dr James Reilly, T.D., an tAire Sláinte, agus an tOllamh Mary Flynn, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

100+

D'fhreastail os cionn 100 ionadaí tionscail ar an seimineár ar na hathruithe atá le teacht faoi rialacháin um fhaisnéis bia an AE.

FÓRAIM THIONSCAIL

Oibríonn an tÚdarás le gach páirtí leasmhar i dtionscal an bhia ionas go gcomhlíonfar an dlí um bia agus ionas go gcoinneofar caighdeáin arda. Bhí tionchar dearfach go dtí seo ag an gcur chuige comhpháirtíochta seo ar an mbiashlabhra. Is uirlisí tábhachtacha atá sa reachtaíocht agus san fhorfheidhmiú, ach is annamh a bhaineann siad amach gach a dteastaíonn. Chun an riachtanas seo a chomhlíonadh, feidhmíonn an tÚdarás roinnt scéimeanna trína dtéann sé i ngleic go héifeachtach le tionscal an bhia – chun dea-chleachtais maidir le sábháilteacht bhia agus cur chuige coiteann maidir le bia a tháirgeadh go sábháilte a chur chun cinn, agus an gá atá ann an reachtaíocht bhia a chomhlíonadh a chur in iúl. Leanann na ceithre fhóram tionscail a chruthaigh an tÚdarás orthu ag feidhmiú mar ardán d'earnálacha sonracha tionscail chun rochtain a fháil ar an Údarás agus chun ceisteanna maidir le sábháilteacht agus sláinteachas bia a chur ar aghaidh.

Fóram na dTáirgeoirí Ceardbhia

Tugann Fóram na dTáirgeoirí Ceardbhia grúpa ilchineálach de tháirgeoirí bia speisialtóra le chéile agus cuireann sé deis ar fáil dóibh chun saincheisteanna sábháilteachta bia maidir leis an earnáil ceardbhia a phlé leis an Údarás. Is feithicil atá san Fhóram do na húdaráis agus na táirgeoirí chun a theacht ar chomhthuiscint ar ról a chéile i soláthar bia d'ardchaighdeán atá sábháilte don tomhaltóir. Cruthaíonn sé líonra teagmhálacha a úsáidtear taobh amuigh de chruinnithe foirmiúla chun fadhbanna a thagann chun cinn san earnáil maidir le forfheidhmiú dhlí an bhia a réiteach. Ina theannta sin, cuireann an Fóram deis ar fáil chun plé a dhéanamh ar mholtaí reachtacha nua agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar cheardaithe. Is acmhainn luachmhar atá ann do tháirgeoirí ceardbhia agus do na húdaráis, agus cabhraíonn sé le gach duine atá i gceist tabhairt faoi chosaint tomhaltóirí i dtaca le táirgeadh raon éagsúil ceardbhia a éascú.

In 2012, phléigh na comhaltaí raon leathan topaicí, lena n-áirítear: *Salmonella* in uibheacha lacha; athruithe molta ar reachtaíocht maidir le lipéadú bia; comhsheasmhacht i gcigireachtaí; turasóireacht bia; seamlais shoghluaiste; an cháin atá molta ar shiúcra agus tástáil seilfré.

An Fóram Miondíola

Tá comhaltaí ó na príomh-ollmhargaí agus ó na príomhghrúpaí siombaile mar chuid den Fóram Miondíola. Tháinig an Fóram le chéile trí huairé in 2012. Feidhmíonn an Fóram mar mheicníocht úsáideach chun cur le tuiscint ar an reachtaíocht bia agus chun comhairle faoi shábháilteachta bia a scaipeadh. Le linn 2012, cuireadh comhaltaí ar an eolas faoi raon leathan topaicí, lena n-áirítear: ailléirginí bia; an Clár um Rialú *Campalabaictéir*; pacáistiú feoil éineola; an cháin atá molta ar shiúcra; lipéadú bia; calraí ar biachláir agus síolta péachta.

An Fóram Seirbhíse Bia

Tagann comhaltaí an Fóraim Seirbhíse Bia ó ghnólachtaí lónadóireachta, ó ghnólachtaí seirbhíse bia agus ó eagraíochtaí ionadaíochta. Bhuaile an Fóram le chéile faoi dhó in 2012 agus phléigh na comhaltaí raon leathan ceisteanna, lena n-áirítear: calraí ar bhíochláir; reachtaíocht maidir le síolta péachta; rialú agus lipéadú maidir le hailléirginí bia; an *Paca* leasaithe um *Lónadóireacht Shlán*, maolú ar shalann; aicriolaimíd agus an cháin atá molta ar shiúcra.

An Coiste Sábháilteachta Sliogiasc Moileascach

Tá an tÚdarás ina chathaoirleach ar an gCoiste Sábháilteachta Sliogiasc Moileascach. Is é seo an coiste náisiúnta do pháirtithe leasmhara maidir le moileasc débhlascach a tháirgeadh agus iad a chur ar an margadh. Bíonn ionadaithe ó na gníomhaireachtaí oifigiúla (lena n-áirítear an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara, Foras na Mara agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte), Bord Iascaigh Mhara, ón tionscal agus ó ghrúpaí páirtithe leasmhara eile rannpháirteach ar an gCoiste. Le linn 2012, bhuaile an Coiste le chéile ceithre huairé agus phléigh na comhaltaí raon leathan ceisteanna, amhail: noraivíreas; sampláil biotocsainí; sampláil fíteaplanctón; bailiú agus caitheamh bia áineasa; treochtaí tocsaineachta agus forbairt modheolaíochtaí. Maidir le guaiseacha ar leithligh, dhéileáil an Coiste le saincheisteanna a bhaineann le biotocsainí agus noraivíreas

AN CHOMHAIRLE CHOMHAIRLEACH UM SHÁBHÁILTEACHT BHIA

Bunaíodh an Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bia faoin Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 agus is ceann de phríomheilimintí struchtúr an Údaráis í. Is é príomhchuspóir na Chomhairle ná a chur ar chumas an Údaráis a dhualgas a chomhlíonadh chun comhairliúchán forleathan a dhéanamh maidir lena ghníomhaíochtaí. Déantar nithe a tharchur chuig an gComhairle le go ndéanfar breithniú orthu, ach féadann sí aird an Údaráis a tharraingt ar cheisteanna freisin. Is é an tÚdarás a cheapann leath de na comhaltaí agus ceapann an tAire Sláinte agus Leanaí an leath eile. Le linn 2012, bunaíodh Comhairle úr agus cheap an tÚdarás dhá chomhalta dhéag. Ceapfaidh an tÚdarás dhá chomhalta dhéag eile in am agus i dtráth. Thionóil an Chomhairle ceithre chruinniú in 2012 agus phléigh na comhaltaí raon leathan ceisteanna, lena n-áirítear: calraí ar bhíochláir; reachtaíocht maidir le síolta péachta; an cháin atá molta ar shail; an marc Q le haghaidh sláinteachais agus sábháilteachta bia; mear-rabhaidh agus cuireadh tús le plé le haghaidh ceann dá chruinnithe in 2013, a thionólfar i bhfóram oscailte.

COMHOIBRIÚ LE HEAGRAÍOCHTAÍ EILE

Le linn 2012, lean an tÚdarás lena chomhoibriú le roinnt eagraíochtaí in Éirinn agus thar lear araon. Leanadh dá dhlúthchomhoibriú le Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeán Bia trí mheamram tuisceana atá deartha lena chinntiú go mbeidh comhoibriú tapa, éifeachtach ann i gcás teagmhas bia agus go ndéanfar comh-fhorfheidhmiú ar nithe sa dá dhlíne.

Leanadh d'obair chomhoibritheach trí chomhaontuithe comhoibriúithe idir an Lárionad Faire um Chosaint Sláinte, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Teagasc. Suíonn foireann an Údaráis ar an gCoiste Chomhairleach Eolaíoch ar bhiaslán.

Tá an tÚdarás ina rannpháirtí gníomhach ar roinnt coistí eile, a bhfuil sé de chuspóir acu caighdeán san earnáil bia a ardú agus a chothú. Áirítear ar choistí ó na heagraíochtaí seo a leanas: Cumann Búistéirí Ceirde na hÉireann; An Bord Bia; Údarás Craolacháin na hÉireann; Chartered Quality Institute; Food and Drink Industry Ireland; Food Law Enforcement Practitioners; Global Trust Certification; National Heart Alliance; National Hygiene Partnership; agus An tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta

na hÉireann. Bhí sé páirteach freisin sa tionscnamh um Bia Sláintiúil do Chách a dhéanann iarracht dul i ngleic le bochtaineacht bia trí infhaighteacht agus inacmhainneacht bia shláintiúil agus rochtain air a chur chun cinn i gcomhair grúpaí ar ioncaim ísle.

Cuidíonn an tÚdarás le gníomhaireachtaí i dtíortha eile chomh maith a bhreathnaíonn air mar eiseamláir i comhair gníomhaireachta náisiúnta aonair um rialú bia. Tá foireann ón Údarás ina gcuid den Choimisiún Idirnáisiúnta um Shonraíochtaí Mhicribhitheolaíochta le haghaidh Bianna agus ghlac siad páirt i gcuirniú bliantúil an tsainghrúpa seo in 2012. Choinnigh an tÚdarás a mheamram tuisceana le hÚdarás Rialaithe Bia Abú Daibí. Ghlac foireann ón Údarás páirt i gcomhairliúcháin saineolaithe na hEagraíochta Domhanda Sláinte agus na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta de chuid na Náisiún Aontaithe. Lean an tÚdarás air ag gníomhú mar phointe teagmhála éigeandála d'Éirinn i Líonra Idirnáisiúnta na nÚdarás um Shábháilteacht Bia. Comhthionscadal é sin an líonra sin de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte agus na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta. Tá 177 ballstát bainteach le malartú na faisnéise gnáthaimh maidir le saincheisteanna sábháilteachta bia, eispéiris agus saineolas a roinnt, agus cumasaíonn sé rochtain thapa ar fhaisnéis i gcás éigeandálaí um shábháilteacht bia. Tá an tÚdarás ina chathaoirleach ar Bhord Comhairleach Eolaíoch na Comhairle Eorpaí um Fhaisnéis Bia ar eagraíocht neamhbhrabúis í a chuireann faisnéis bunaithe ar eolas ar fáil maidir le cothú agus sláinte, sábháilteacht agus cáilíocht bia, chun cuidiú le tomhaltóirí eolas níos fearr a bheith acu agus aiste bia cothromaithe, sábháilte agus sláintiúil á roghnú acu.

177

Lean an tÚdarás air ag gníomhú mar phointe teagmhála éigeandála d'Éirinn i Líonra Idirnáisiúnta na nÚdarás um Shábháilteacht Bia. Comhthionscadal é sin an líonra sin de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte agus na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta. Tá 177 ballstát bainteach le malartú na faisnéise gnáthaimh maidir le saincheisteanna sábháilteachta bia, eispéiris agus saineolas a roinnt, agus cumasaíonn sé rochtain thapa ar fhaisnéis i gcás éigeandálaí um shábháilteacht bia.



D'óstáil an tÚdarás seimineár ar reachtaíocht maidir le blasóirí bia chun deis a thabhairt do ghnólachtaí bia gus oifigigh forfheidhmiúcháin tuiscint chríochnúil a fháil ar na rialuithe rialála maidir le blasóirí a úsáid i mbia. Pléadh saincheisteanna sa seimineár maidir le blasóirí a úsáidtear i mbia, lena n-áirítear an reachtaíocht lena rialaítear iad agus na rialacha um lipéadú a bhaineann le bia lenar cuireadh blasóirí. Chuala toscairí faoi mheasúnú sábháilteachta; feidhmiú agus úsáid agus forfheidhmiú. Lainseáil an tÚdarás tuarascáil ag an seimineár: *Treoir maidir le Blasóirí, 2012.*

Sa phictiúr ag an seiminéar tá (c-d): An Dr Rhodri Evans, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann; an Dr Iona Pratt, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann; an tUasal Joy Hardinge, AJH Consulting, UK agus an tUasal Anne-Marie Boland, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.



BAINISTÍOCHT CHORPARÁIDEACH

Tá príomhról ag feidhmeanna corparáideacha an Údaráis maidir le héifeachtacht na gcóras agus na bpróiseas a chinntiú atá riachtanach chun soláthar éifeachtach sheirbhísí an Údaráis do na páirtithe leasmhara uile a éascú. Cinntíonn siad freisin go ndéantar dea-chleachtais maidir le rialachas corparáideach a fhorbairt agus a choinneáil.

Cé gurb í príomhfheidhm an Údaráis sláinte agus leas tomhaltóirí a chosaint, mura bhfuil an eagraíocht dírithe mar is cuí agus mura bhfuil úsáid éifeachtúil á baint as an bpríomh-acmhainn atá aige, is é sin, an coiste feidhmiúcháin agus an fhoireann, ní féidir leis an Údarás a fheidhm a chomhlíonadh. Chuige sin, tá an tÚdarás tiomanta do chóras bainistíochta cáilíochta atá bunaithe go bunúsach ar an gcoincheap seo a leanas: custaiméirí agus a gcuid riachtanas a aithint; pleanáil conas freastal ar na riachtanais sin; nósanna imeachta a dhoiciméadú nuair is cuí; spriocanna intomhaiste a leagan síos do gach rannán agus do gach ball foirne agus; athbhreithniú a dhéanamh go rialta ar a bhfuil á bhaint amach. Tá an córas deimhnithe de réir an chaighdeán idirnáisiúnta ISO 9001:2008, agus déantar iniúchadh seachtrach ar an Údarás gach bliain le féachaint ar conas atá sé ag feidhmiú i bhfianaise an chaighdeáin sin.

Forbraíodh Plean Seirbhíse cuimsitheach 2012 inar tugadh mionsonraí faoi na clár oibre a bhí beartaithe le haghaidh na bliana. Rinneadh athbhreithniú ar an dul chun cinn maidir leis an bplean a bhaint amach i lár na bliana agus ag deireadh na bliana, d'fhoill a chinntiú go ndearnadh na clár oibre a sheachadadh. Tá plean oibre mionsonraithe ag gach ball foirne le haghaidh na bliana atá le teacht agus ina n-aithnítear riachtanais oiliúna agus forbartha ábhartha i gcomhair na tréimhse sin. Tá gach plean oibre nasctha le spriocanna foirne agus rannáin, agus tá siad sin nasctha le plean seirbhíse bliantúil na heagraíochta ansin. Tá pleanáil, bainistíocht feidhmíochta agus athbhreithniú ina gcuid lárnach d'obair an Údaráis, agus tugann an córas bainistíochta cáilíochta atá i bhfeidhm tacaíocht don obair sin.

In 2012, ghlac an tÚdarás páirt i gclár tagarmharcála ar a ndearnadh athbhreithniú piaraí inar eagraíodh é féin agus an Ghníomhaireacht Caighdeán Bia, an Ríocht Aontaithe chun measúnú a dhéanamh ar a chéile i gcoinne dhá phríomhtháscaire feidhmíochta dhéag. Áiríodh ar na príomhtháscairí feidhmíochta measúnú a dhéanamh ar chórais bainistíochta i gcoinne cheanglais an ISO 9004, an eagraíocht um rialuithe oifigiúla agus bainistíocht riosca i gcoinne cheanglais reachtaíochta an AE. Tá an clár seo ina chuid de chlár oibre Chinn na nGníomhaireachtaí Eorpacha um Shábháilteacht Bhia agus trí fhéinmheasúnú agus athbhreithniú seachtrach, déantar na torthaí a lárú ansin trí choiste stiúrtha tagarmharcála Eorpach chun dea-chleachtas a mheasúnú agus a chomhroinnt.

Tá feidhm éifeachtúil airgeadais ann le cinntiú go ndéantar na caighdeáin cuntasaíochta is airde a chomhlíonadh agus go bhfuil córais éifeachtacha bainistíochta airgeadais i bhfeidhm. Rinne an tÚdarás cinnte de freisin gur cuireadh bearta buiséadta na Roinne Airgeadais i bhfeidhm, i dtéarmaí tuarastail agus laghduithe eile ar chaiteachas.



D'óstáil an tÚdarás seimineár náisiúnta do na cigirí tréidliachta údaráis áitiúil atá bainteach i rialuithe oifigiúla thar a cheann. Pléadh na hathruithe a bhí le teacht ar na rialacháin maidir le cosaint ainmhithe i seamlais sa seimineár, a bheidh i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2013 i leith. Chuala toscairí faoi fhorálacha an Aontais Eorpach chomh maith maidir le solúbthacht sa phacáiste sláinteachais; athbhreithniú ar chigireachtaí feola ag an gCoimisiún Eorpach agus clár samplála micribhitheolaíochta an údaráis áitiúil.

Sa phictiúr ag an seimineár tá (c-d): An tUasal Sinead Murphy, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann; an tUasal Matthews, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann; an tUasal Pablo Romero Barrios, an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia; an tUasal Sharon Williams, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann; an tUasal Sabine Juelicher, an Oifig Bia agus Tréidliachta; an tUasal Martin Blake, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; An tUasal Dan Crowley, Comhairle Contae Chorcaí agus an tUasal Pat Farrell, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.



D'fhorbair an tÚdarás leabhrán: *'Healthy Eating and Active Living for Adults, Teenagers and Children over Five Years'* chun comhairle a thabhairt do ghairmithe sláinte agus do sheirbhísí lónadóireachta. Cuirtear síos sa leabhrán ar na cineálacha agus ar na méideanna bia ó phirimid an bhia is gá do dhaoine a ithe le bheith sláintiúil. Tugtar treoir chomh maith ann ar na meánchaltraí atá de dhíth ar thomhaltóirí, ag brath ar mhéid an choirp, aois, inscne agus leibhéal a ngníomhaíochta. Cumhdaítear ceisteanna tábhachtacha eile ann amhail gníomhaíocht choirp; itheachán sláintiúil i dtoircheas; cothú cíche; vitimín D; sreabháin; salann; bia sláintiúil ar bhuiséad; sábháilteacht bia agus lipéadú bia.

Sa phictiúr ag lainseáil an leabhráin tá (c-d): An Dr James Reilly, T.D., an tAire Sláinte, agus an tOllamh Alan Reilly, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

Tá Coiste Foirne i bhfeidhm ar a bhfuil baill foirne ó gach leibhéal den Údarás. Téitear i gcomhairle leis i dtaobh roinnt mhaith ceisteanna eagraíochtúla, lena n-áirítear beartais acmhainní daonna a fhorbairt. Tá an tÚdarás tiomanta go hiomlán do cheanglais na reachtaíochta sláinte agus sábháilteachta ábhartha a chomhlíonadh. Tá Coiste Sláinte agus Sábháilteachta i bhfeidhm, a bhuail le chéile go rialta le linn 2012. Cuireadh roinnt tionscnamh agus oiliúint ar fheasacht sábháilteachta i bhfeidhm le haghaidh foireann ábhartha le linn na bliana.

Agus seirbhísí á gcoinneáil a mhéid agus is féidir, leanadh de líon na foirne a bhainistiú i gcomhthéacs an lánchoisc atá ar earcaíocht san earnáil phoiblí agus i gcomhréir le creat rialaithe fostaíochta na hearnála sláinte. Tá laghdú 10% tagtha ar líon na mball foirne sa tréimhse ó cuireadh an moratóir ar earcaíocht i bhfeidhm in 2009.

RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Faoi mar a cheanglaítear ar gach gníomhaireacht Stáit, cloíonn an tÚdarás le critéir chaighdeánacha um rialachas corparáideach arna leagan amach sa Chód Cleachtas maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2009. Ina fhianaise sin, tá creat rialachais corparáidigh i bhfeidhm a forbraíodh d'fhonn cabhrú le héifeachtacht, oscailteacht agus trédhearcacht a fheabhsú. Soláthraítear treoir shoiléir sa chreat don eagraíocht, ina dtugtar mionsonraí ar ghnéithe amhail: gnó an Bhoird a stiúradh; pleanáil straitéiseach; próisis oibriúcháin; bainistíocht riosca; rialú airgeadais agus caighdeáin iompraíochta. Coinníonn an tÚdarás clár rioscaí agus clár sócmhainní seasta a ndéantar athbhreithniú agus iniúchadh orthu gach bliain.

De réir Alt 41 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 agus na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, ceanglaítear ar chomhaltáí Bhord an Údaráis, an Choiste Eolaíoch, na bhFochoistí Eolaíocha agus fhoireann ainmnithe an Údaráis dearbhú leasanna a chur isteach gach bliain. Cuireann an tÚdarás na dearbhuithe sin ar aghaidh chuig an Aire Sláinte agus/nó chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, de réir mar is cuí.

INIÚCHADH INMHEÁNACH

Tá Coiste Iniúcháireachta ceaptha ag an mBord a bhaineann leas as seirbhísí iniúcháirí gairmiúla seachtracha chun clár iniúchtaí inmheánacha a chur i gcrích. Cuireadh ceithre hiniúchadh dá leithéid i gcrích in 2012, is iad sin: athbhreithniú ar rialuithe airgeadais inmheánacha; soláthar; bainistíocht riosca agus conarthaí seirbhíse. Cuireadh tuarascálacha faoi bhráid Choiste Iniúcháireachta an Bhoird agus faoi bhráid Bhoird an Údaráis freisin. D'ullmhaigh coiste feidhmiúcháin an Údaráis pleananna gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar na torthaí agus rinne Coiste Iniúcháireachta an Bhoird monatóireacht orthu. Rinneadh ceithre hiniúchadh airgeadais chomh maith chun na héilimh ar mhaoiniú a fuarthas ó na húdaráis áitiúla i dtaca le gníomhaíochtaí sábháilteachta bia a fhíorú.

SEIRBHÍSÍ ROINNTE

In 2012, chuir an tÚdarás le soláthar seirbhísí párolla agus pinsean don Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh maidir le seirbhísí comhroinnte.

Is é an tÚdarás an príomhpháirtí maidir le bunú creat-chomhaontuithe soláthair le 16 ghníomhaireacht eile san earnáil phoiblí tríd an bhFóram Rialála Sláinte agus Cúraim Shóisialta. Le linn 2012, forbraíodh creat-chomhaontuithe le haghaidh seirbhísí deartha agus priontála. Tá suas le hocht soláthraí i ngach creat chun freastal ar riachtanais éagsúla agus chasta gach gníomhaireachta.

57

Chuir an tÚdarás comhairle ar fáil mar fhreagra ar 57 ceist pharlaiminte ó ionadaithe éagsúla polaitiúla a cuireadh faoi bhráid na Roinne Sláinte nó na Roinne Talmhaíochta, Bia agus na Mara in 2012. Is méadú é sin ar an 37 ceist in 2011.

TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE

Tá córais um theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide fós rithábhachtach le cur ar chumas an Údaráis faisnéis agus córais a bhainistiú d'fhonn seachadadh seirbhísí a éascú. Déanann an tÚdarás a chórais agus a bhonneagar TF a chothabháil agus a uasghrádú go rialta d'fhonn an tacaíocht agus na teicneolaíochtaí is nuashonraithe atá oiriúnach don timpeallacht a sholáthar. Le linn 2012, cuireadh uasghrádú ar an mbonneagar líonra, ar chórais slándála agus ar chórais frithviris i gcrích.

D'fhorbair an tÚdarás córais le haghaidh sonraí maidir le cigireachtaí agus tástála bia a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh. Úsáidtear na córais sin chun sonraí a bhailiú de réir chomhaontuithe na gconarthaí seirbhíse agus chun sonraí a tharchur chuig an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia. Tá na córais sin á bhforbairt agus a bhfeabhsú ar bhonn leanúnach chun go gcumasófar úsáid ilghníomhaireachtaí oifigiúla, tarchur sonraí ó fhoinse eile agus foilsíú sonraí amhail na hOrduithe Forfheidhmiúcháin ar láithreán Gréasáin an Údaráis

SAORÁIL FAISNÉISE AGUS CEISTEANNA PARLAIMINTE

Leanann an tÚdarás ar aghaidh ag comhlíonadh a chuid dualgas maidir le freagra a thabhairt ar iarratais um Shaoráil Faisnéise agus ar cheisteanna parlaiminte. Le linn 2012, fuair an tÚdarás ocht n-iarratas um Shaoráil Faisnéise. Bhí cúig cinn de na hiarratais ó iriseoirí, ceann amháin díobh ó atur nae thar ceann cliaint agus bhí dhá cheann díobh ó bhail an phobail. I measc na dtopaicí sna hiarratais bhí: taifid a bhain le cruinnithe an Bhoird; Orduithe Forfheidhmiúcháin; teagmhas éillithe dé-ocsaine; bainne neamhphaisteartha agus scálaí tuarastail foirne. Chuir an tÚdarás comhairle ar fáil mar fhreagra ar 57 ceist pharlaiminte ó ionadaithe éagsúla polaitiúla a cuireadh faoi bhráid na Roinne Sláinte nó na Roinne Talmhaíochta, Bia agus na Mara in 2012. Is méadú é sin ar an 37 ceist in 2011. Ar na ceisteanna a fuarthas bhí ceisteanna ar shocruithe airgeadais agus soláthair foirne; bia géinathraithe; lipéadú; inrianaitheacht agus cigireachtaí; agus sampláil.

CONARTHAÍ SEIRBHÍSE AGUS MEAMRAM TUISCEANA

Tá an tÚdarás freagrach as reachtaíocht bia in Éirinn a fhorfheidhmiú, agus comhlíonann sé an fheidhm fhorfheidhmiúcháin sin trí chonarthaí seirbhíse le gníomhaireachtaí oifigiúla. Foráiltear an bunús reachtúil dó sin in Alt 48 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998.

Sna conarthaí a ceapadh idir an tÚdarás agus na gníomhaireachtaí oifigiúla, leagadh amach leibhéal agus caighdeán na gníomhaíochta i leith sábháilteacht bhia a dhéanfaidh na gníomhaireachtaí, mar ghníomhairí don Údarás. Ceanglaítear ar na gníomhaireachtaí i bpríomhchásail na gconarthaí seirbhíse tabhairt faoi rialuithe oifigiúla sna sceidil seo a leanas:

Sceideal 1: Liosta den reachtaíocht bia a chomhaontaigh an gníomhaireacht í a fhorfheidhmiú.

Sceideal 2: Na sonraí maidir leis an méid atá le déanamh ag an ngníomhaireacht, mar aon le ceanglais don gníomhaireacht go ginearálta agus do na cigireachtaí agus seirbhísí saotharlainne ábhartha atá á n-oibriú ag an ngníomhaireacht. Áirítear socrúithe monatóireachta sa sceideal seo fosta.

Sceideal 3: Na hacmhainní atá le tabhairt ag an ngníomhaireacht i gcomhair an chonartha, sainithe go ginearálta i dtéarmaí na leibhéal soláthair foirne sna cigireachtaí agus sna saotharlanna.

Sceideal 4: Ceanglais um thuairisciú don gníomhaireacht.

Sceideal 5: Socrúithe maidir le hiniúcháireacht ar an gconradh ag an Údarás, lena n-áirítear comhaontú na gníomhaireachta comhoibriú leis an gclár iniúcháireachta.

Ina theannta sin, tá meamram tuisceana sínithe ag an Údarás le heagraíochtaí éagsúla eile in Éirinn agus thar lear araon, chun comhoibriú agus malartú faisnéise maidir le sábháilteacht bia a éascú. Is é atá i gconradh seirbhíse comhaontú dlíthiúil chun reachtaíocht i leith sábháilteacht bia a fhorfheidhmiú. Ar an lámh eile, sa mheamram tuisceana leagtar amach creat le haghaidh comhoibríthe idir eagraíochtaí ina gcuid gníomhaíochtaí maidir le sábháilteacht bia.

Gníomhaireachtaí Oifigiúla a raibh Conarthaí Seirbhíse ag an Údarás leo in 2012




Eagraíochtaí a raibh Meamram Tuisceana ag an Údarás leo in 2012



STRUCHTÚR BAINISTÍOCHTA

Amhail an 31 Nollaig 2012



NA COMHALTAÍ BOIRD 2012



1. AN tUASAL EAMONN RYAN (CATHAOIRLEACH)*

Sular ceapadh mar Chathaoirleach é ar Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann i Márta 2007, bhí an tUasal Eamonn Ryan ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail na hÉireann. Bhí sé i mbun oibre le linn na ndéich mbliana fíchead inar tháinig claochlú ar gheilleagar na hÉireann, agus bhí ról lárnach aige i gceapadh agus i gcur i bhfeidhm straitéise le haghaidh an mhéadaithe thar cuimse a tháinig ar an ngeilleagar sin. Bhí saol oibre fada agus céimíúil ag an Uasal Ryan in earnáil phoiblí na hÉireann agus tá eolas forleathan agus an-taithí aige ar chúrsaí gnó sa bhaile agus i gcéin. Bhí sé ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin Idirnáisiúnta ar oibriúcháin dhomhanda Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail na hÉireann i Nua-Eabhrac, áit ar mheall an bhainistíocht faoina cheannaireacht mórchuid infheistíochta díri coigríche ó SAM, ón Eoraip agus ó thíortha na hÁise ar bhruacha an Aigéin Chiúin, agus rinneadh infheistíocht den chineál ab úrscothaí ó thaobh na teicneolaíochta de. Céimí de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath é an tUasal Ryan agus rinne sé breis staidéir in Ollscoil Columbia agus in Carnegie Mellon. D'fhreastail an tUasal Ryan ar chruinniú amháin de chuid Bhord an Údaráis in 2012.

2. AN tUASAL MIRIAM CASHELL

Is céimí í an tUasal Miriam Cashell sa tsláinte chomhshaoil, tá dioplóma iarchéime aici i sábháilteacht bia ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, agus is príomhniúchóir deimhnithe í. Is Príomhoifigeach Sláinte Chomhshaoil í le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte bunaithe i gcathair Chorcaí, áit a stiúran agus a mbainistíonn sí foireann atá creidiúnaithe de réir NSAI 9001:2008. Tá sí dírithe ar ardchaighdeán dea-chleachtais a sholáthar i gceisteanna sábháilteachta bia atá dírithe ar an gcliant. Tá os cionn 30 bliana taithí ag an Uasal Cashell ag obair sa tSeirbhís Sláinte Chomhshaoil in Éirinn agus i Sasana roimhe sin mar Oifigeach Sláinte Chomhshaoil cairte. Tá sí

ina comhalta de Choiste Zónóise Chorcaí. Tá na prionsabail lárnacha a bhaineann le hoiliúint agus cur chun cinn cleachtas maidir le sábháilteacht bhia laistigh de thionscal an bhia tar éis a bheith mar chuid dá gairm ó thús. Tá spéis faoi leith aici i gcláir oiliúna faoi shábháilteacht bhia agus faoi dhearbhu cáilíochta le haghaidh oibríthe bia. D'fhóin sí ar ghrúpaí idirdhisciplíneacha a d'fhorbair prótacail maidir le tinneas bia-iompartha. Bhí baint aici le go leor grúpaí náisiúnta maidir le dea-chleachtas gairmiúil a fhorbairt agus maidir lena chinntiú go bhfuil fáil air sa treoir agus sa reachtaíocht. D'fhreastail an tUasal Cashell ar thrí chruinniú de chuid Bhord an Údaráis in 2012.

3. AN tOLLAMH JOHN DANIEL COLLINS

Bhí an tOllamh John Daniel Collins MVB MVM MS (Calif.) PhD MRCVS ina Ollamh Emeritus um Staidéir Chliniciúla ar Ainmhithe Feirme sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (Ollscoile na hÉireann-Coláiste Ollscoil Bhaile Átha Cliath). Bhí sé ina Chomhalta Oinigh den Choláiste Eorpach um Shláinte Phoiblí Thréidliachta agus ina Chomhalta Oinigh d'Institiúid na hÉireann um Eolaíocht agus Theicneolaíocht an Bhia. Bhí sé ina Chathaoirleach ar Ionad Sábháilteachta Bia an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath roimhe seo agus ina Stiúrthóir ar Ionad Eipidéimeolaíochta Tréidliachta agus Anailíse Riosca an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Bhí an tOllamh Collins ina chomhalta de chuid Choiste Eolaíoch an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia agus ina Chathaoirleach ar Phainéal Eolaíoch um Ghuaiseacha Bitheolaíochta an Choiste go dtí Aibreán 2011. Bhí sé ina chomhalta de chuid Choiste Eolaíoch Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. D'fhreastail an tOllamh Collins ar chruinniú amháin de chuid Bhord an Údaráis in 2012. Go brónach, fuair sé bás in Aibreán 2012, i ndiaidh tinnis ghairid.

4. AN tUASAL EAMONN CORCORAN**

Sular ceapadh an tUasal Corcoran ar Bhord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, bhí 32 bliain caite aige mar státseirbhíseach, sa Roinn Saothair mar a bhíodh ann i dtosach agus ina dhiaidh sin bhí sé ina Oifigeach um Chaidreamh Tionsclaíoch i Seirbhís Idir-réitigh na Cúirte Oibreachais. Chuaigh sé isteach sa Roinn Sláinte agus Leanáí i 1990 agus d'oibrigh sé i roinnt réimsí – lena n-áirítear Rannóg na Sláinte Poiblí (a raibh sábháilteacht bhia mar chúram inti). Bhí an tUasal Corcoran ina cheannaire ar an Aonad Bia sa Roinn Sláinte agus Leanáí ó Mheán Fómhair 2002 go Márta 2008. I rith na tréimhse céanna, bhí sé ina cheannaire ar an Aonad um Rialú Tobac agus bhí baint aige le 'saor ó thobac san ionad oibre' (cosc ar chaitheamh tobac sa láthair oibre) a thabhairt isteach go rathúil i mí an Mhárta 2004. Bhí sí ina chomhalta den Bhord sa Chlárlann Náisiúnta Ailse agus san Institiúid um Shláinte Phoiblí roimhe seo. D'fhreastail an tUasal Corcoran ar thrí chruinniú de chuid Bhord an Údaráis in 2012.

5. AN tOLLAMH CHARLES DALY***

Tá an tOllamh Charles Daly ina Ollamh Emeritus le hEolaíocht agus Teicneolaíocht an Bhia i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Tá céimeanna B.Sc. M.Sc. aige (Déiríocht) aige ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh mar aon le céim Ph.D. i Micribhitheolaíocht Bhia ó Oregon State University, SAM. Is iad gíostáil bhia agus sábháilteacht bhia na príomhréimsí spéise taighde atá aige. Bhí sé gnóthach ag obair i gCreatchláir Thaighde an AE agus náisiúnta agus bhí sé ina chomhordaitheoir ar thionscail mhóra thrasnáisiúnta an AE maidir le biteicneolaíocht an bhia. Tá gradaim idirnáisiúnta faighte ag an Ollamh Daly ón American Dairy Science Association; ón Danone Foundation; ón Dutch Dairy Nutrition Foundation agus ón International Union of Food Science Associations. Níor fhreastail an tOllamh Daly ar chruinniú ar bith de chuid Bhord an Údaráis in 2012.



6

7

8

9

6. AN tOLLAMH ALBERT FLYNN

Tá an tOllamh Albert Flynn, B.Sc., Ph.D. (OÉ, Gaillimh), ina Ollamh le Cothú sa Roinn Eolaíochtaí Bia agus Cothaithe i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Áirítear ar a réimsí spéise sainiúla: measúnú riosca sábháilteachta bia; imoibriú géinte-cothaitheigh i meitibileacht na gcnámh, mar aon le treisiú bia agus; measúnú riosca agus leasa ar chothaitheigh. Is Cathaoirleach é an tOllamh Flynn ar Choiste Eolaíoch Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Lena chois sin tá sé ina chomhalta ar Choiste Eolaíoch an Údarás Eorpaigh um Shábháilteachta Bhia, agus tá sé ina Chathaoirleach ar a Phainéal um Tháirgí Diaitéitice, Cothú agus Ailléirgí. D'fhreastail an tOllamh Flynn ar cheithre chruinniú de chuid Bhord an Údarás in 2012.

7. AN tUASAL EIMEAR KILLIAN****

Tá an tUasal Eimear Killian, Leasbhainisteoir Ginearálta ar Glenlo Abbey Hotel, Gaillimh, ar Bhord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ó Aibreán 2009 i leith. Bhain an tUasal Killian Dioplóma amach i mBainistíocht Óstáin in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Sráid Chathail Bruga in 1996. Tá Teastas aici freisin i mBainistíocht Sláinteachais Bhia agus tá sí ina oiliúnóir i sláinteachas bia. Tá taithí an-leathan bainistíochta aici in go leor óstán sheanbhunaithe ar fud na hÉireann lena n-áirítear Ferrycarraig Hotel, Loch Garman; Bellbridge House Hotel, Co. An Chláir; Jury's Hotel, Baile Átha Cliath; Shannon Oaks Hotel, Gaillimh and Peacocks Hotel, Conamara. Tá an tUasal Killian ina comhalta gníomhach de Chónaidhm na nÓstán Éireannach agus Skal International, ar a bhfuil sí ina Leas-Chathaoirleach ar chraobh na Gaillimhe. Bhí sí ina chomhalta de Bhord Thursóireacht Chonamara freisin. Faoi láthair tá sí ina comhordaitheoir ar Chlár Optimus 'Comhartha Dea-Chleachtais' de chuid Fáilte Éireann agus ina ceannaire foirne de na Gradaim Aíochta Ghlasa sa Glenlo Abbey. D'fhreastail an tUasal Killian ar chruinniú amháin de chuid Bhord an Údarás in 2012.

8. AN tUASAL ANNE NOLAN*****

